Leabharlann
Náisiúnta
na hÉireann

National Library
of Ireland

LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

# Tuarascáil Bhliantúil 2024





LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

# Tuarascáil Bhliantúil 2024

Arna fhoilsiú ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath

© Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 2024

Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 P638, Éire
Teileafón: +353 1 603 0200
Ríomhphost: info@nli.ie
Láithreán gréasáin: www.nli.ie/ga

Uimhir Chláraithe Carthanais: 20206624

Íomhá ar an gclúdach: Trà My Nguyen Hoang

# Clár na nÁbhar

| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 2 |
| Réamhrá ón Stiúrthóir | 4 |
| Sracfhéachaint ar 2024 | 6 |
| Bailiú | 8 |
| Cosaint | 12 |
| Nochtadh | 14 |
| Rannpháirtíocht | 18 |
| Nuáil | 24 |
| Faisnéis Chorparáideach | 26 |
| Ráitis Airgeadais 2024 | 33 |

# Ráiteas an Chathaoirligh

Cuirtear ceisteanna domhanda agus náisiúnta san áireamh agus freagairtí straitéiseacha agus pleanáil an Bhoird don am atá le teacht á ndéanamh ach, san am céanna, is soiléir fós na nithe a ndírímid orthu. Mar sin, tá an obair i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) fós á treorú ag na cúig cinn de cholúin straitéiseacha: Bailiú, Cosaint, Nochtadh, Rannpháirtíocht agus Nuáil.

Táimid fós diongbháilte faoin ngealltanas atá tugtha againn go ndéanfaimid an méid a chuirimid ar fáil don phobal a fheabhsú. Tá dul chun cinn déanta ar na pleananna don Tionscadal Forbartha Caipitil i bhfoirgneamh an Sciatháin Thiar agus i gcampas na Leabharlainne ar Shráid Chill Dara.

I mí Eanáir 2024, tugadh cead pleanála chun athfhorbairt a dhéanamh ar an láithreán sé urlár ón 19ú haois a bhíodh á úsáid mar láithreán stórála. Is iad an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, Catherine Martin TD, mar aon leis an Aire Stáit in Oifig na nOibreacha Poiblí, Kieran O'Donnell TD, a rinne Léachtlann nua Joly a oscailt go hoifigiúil i mí na Bealtaine. Buaicphointe san obair le spás poiblí nua cultúir a chur ar fáil i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann atá sa léachtlann úrscothach atá inrochtana ag cách. Cuireadh isteach iarratas breise ar chead pleanála i mí Dheireadh Fómhair le go bhféadfaí áiléar do chuairteoirí a mbeidh pána gloine air a chur isteach óna mbeidh radharc ar an seomra léitheoireachta stairiúil.

Aidhm straitéiseach eile atá ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ná na Bailiúcháin Náisiúnta a chosaint. Is ábhar imní i dtólamh é an tionchar ón athrú aeráide. Léiriú ar an méid sin ná gur gá bonneagar stórála na Leabharlainne a réiteach agus a fheabhsú. Agus tacaíocht acu ón mBord, tá nuálaíocht agus diongbháilteacht á léiriú ag na hoibrithe i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus iad ag dul i ngleic leis na fadhbanna seo agus ag treabhadh ar aghaidh i dtreo réiteach fadtéarmach i gcomhar leis an Rialtas.

Cheadaigh an Bord Plean Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don Ghníomhú ar son na hAeráide i mbliana. Mar thacaíocht faoi sin beidh an clár ó Oifig na nOibreacha Poiblí dar teideal Cumhacht ag an Obair a Bharrfheabhsú. Ós foras náisiúnta atá ionainn, tá gealltanais tugtha againn go ndéanfaimid lorg carbóin na heagraíochta a mhaolú agus a laghdú. I gcomhthéacs an chuspóra náisiúnta atá le baint amach san Earnáil Phoiblí faoi 2030 (51% de laghdú ar charbón agus 50% de laghdú ar fhuinneamh), cúis bhróid dúinn gur féidir linn a thuairisciú go bhfuil an sprioc seo bainte amach ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann sé bliana roimh an spriocdháta agus 51% de laghdú fuinnimh bainte amach againn. Lárnach sna hiarrachtaí leis sin a bhaint amach bhí scéimeanna nuálacha spárála fuinnimh, tacaíocht ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus rannpháirtíocht na foirne.

Tá an Bailiúchán Náisiúnta ag fás agus ag fairsingiú i dtólamh faoi chúram na saineolaithe i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Is mór an phribhléid dúinn go bhfuarthas an dara sciar de pháipéir ó chartlann Paul Durcan, an file iomráiteach. Léiriú ar an dúthracht a chaitear i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i leith scéalta agus stair na hÉireann a thaifeadadh faoi gach coinníoll agus i ngach gné den tsochaí in Éirinn ná go bhfuarthas an bailiúchán corraitheach grianghraf *An saol in Éirinn in aimsir Covid-19* in 2024 ó Ghrianghrafadóirí Preasa na hÉireann.

Cuireann an Bord agus coistí an Bhoird ceannaireacht láidir ar fáil agus pleananna á gcur chun cinn leis an áitreabh i Sráid Chill




Dara a athfhorbairt. Gabhaim buíochas leis na comhaltaí seo a leanas den Bhord as an méid atá déanta acu agus atá i ndiaidh an dara téarma in oifig a chur i gcrích ar na mallaibh: an tOllamh Maeve Conrick, an Dr Conor Kostick agus Jennifer Taaffe.

Cuirim fáilte roimh thriúr comhaltaí nua: Michael Diviney, an Dr Brian Lang agus Genevieve Wyeth. Tá a scileanna luachmhara agus taithí chuí ag gach duine acu. Táim lán dóchais go bhféachfaidh siad chuige go mbeidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann fós ar an bhforas náisiúnta cultúir is fearr in Éirinn.

Thar ceann an Bhoird agus an Stiúrthóra, is mian liom buíochas a ghabháil leis na comhghleacaithe atá againn in Oifig na nOibreacha Poiblí as an tacaíocht agus comhairle thar a bheith luachmhar atá tugtha acu dúinn agus sinn ar an mbealach isteach sa chéad chéim eile den tionscadal cinniúnach athfhorbartha atá ar bun againn.

Is mian liom buíochas a ghabháil fosta leis an iar-Aire Catherine Martin agus lena foireann ar fad as an tacaíocht a thug siad don Tionscadal Forbartha Caipitil i gcaitheamh 2024. Cuirim fáilte mhór roimh cheapachán an Aire Patrick O'Donovan sa Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Táim go mór faoi chomaoin aige as an tsuim atá léirithe aige sna dúshláin ar fad atá le sárú againn i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.



Eoin McVey



# Réamhrá an Stiúrthóra

Tamall gnóthach thar a bheith sásúil a bhí againn i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann le bliain anuas agus buaicphointí áirithe ann sa dara bliain dom i mo Stiúrthóir ar an Leabharlann.

Rinneadh dul chun cinn in 2024 ar Thionscadal cinniúnach Forbartha Caipitil na Leabharlainne. Go luath sa samhradh, osclaíodh Léachtlann úrscothach Joly, a bhfuil teacht ag cách uirthi, le go bhféadfaí imeachtaí poiblí a reáchtáil inti. Chomh maith leis sin, rinneadh an tseirbhís léitheora Priontaí agus Líníochtaí a oscailt arís don phobal ó mhí Lúnasa sa Seomra Ealaíne a ndearnadh é a athchóiriú le gairid.

Ba mhór an onóir dom go raibh deis againn ainmniú Sheomraí Richard Hayes a chomóradh i gcuimhne ar dhuine de na Stiúrthóirí a chuaigh romham, an Dr Richard Hayes (1902-1976). Bhí sé ina Stiúrthóir ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann idir 1940 agus 1967. Bhí rath air roimhe sin fosta agus é ag obair mar chrioptanailísí le linn an Dara Cogadh Domhanda.

Inár gcáil mar choimeádaithe oidhreacht chultúrtha na hÉireann, aithnímid an ról tábhachtach atá ag an Leabharlann le hábhar a chaomhnú. Táim an-tógtha faoin dul chun cinn atá déanta againn le bliain anuas agus muid ag cur leis an ábhar digiteach atá i seilbh againn, tráth ar cuireadh breis agus 100,000 íomhá dhigiteach ar fáil agus ar tugadh faoi obair mhór ar an gcartlannú gréasáin. Agus an chéad Bheartas dár gcuid don Chaomhnú Digiteach foilsithe againn in 2023 chomh maith le ceardlann don Chomhghuaillíocht um Chaomhnú Digiteach curtha ar siúl againn i Léachtlann nua Joly againn i bhfómhar na bliana seo, chuireamar fáilte roimh an deimhniú go mbeadh an Chomhdháil um Chaomhnú Digiteach, 'No Time to Wait', á reáchtáil anseo i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann in 2025.

Bhí trácht as cuimse sna meáin ar an ngearrscéal *Gibbet Hill* le Bram Stoker ar thángthas arís air. Cuireadh an-suim ar fad sa scéal go hidirnáisiúnta. Léiriú a bhí ansin ar chomh fiúntach agus ar chomh luachmhar don taighde atá na bailiúcháin i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Ba mhór an onóir dúinn *páipéir Michael Barron* a chur ar fáil le linn Mhí an Bhróid. Cuireadh ábhar tábhachtach le bailiúcháin na Leabharlainne i mbliana, cuir i gcás *cartlann Paul Durcan*, léaráidí leis an ealaíontóir Annie West agus na léaráidí deiridh ón tsraith leabhar faoi Ross O'Caroll-Kelly. Léiriú é an méid sin ar a thábhachtaí atá sé bailiúcháin chomhaimseartha ábhair a shealbhú.

Cúis dóchais dúinn gur tháinig aon trian de mhéadú idir 2023 agus 2024 ar an líon léitheoirí a d'úsáid an príomhsheomra léitheoireachta. Tá aon chúigiú de mhéadú tagtha ar an líon léitheoirí nua a chláraigh i mbliana. Is mór againn an méadú seo ar an líon daoine atá páirteach sa Leabharlann.

Tháinig deiseanna suntasacha chun cinn in 2024 le bheith ag taisteal agus ag plé le comhpháirtithe atá againn ar fud na cruinne. Bhíomar ag obair go mór i gcomhar leis an bpobal agus le comhpháirtithe eile, cuir i gcás an Roinn Gnóthaí Eachtracha, Oifig na nOibreacha Poiblí, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Éigse Éireann, Bliain Eorpach na Normannach (2027) agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Bhí sé de phribhléid agam fáilte a chur roimh lear mór aíonna náisiúnta agus idirnáisiúnta chun na Leabharlainne i mbliana, grúpaí ón tSín, ón Téaváin, ón tSeapáin agus ón Iodáil ina measc.

Bhí clár lán imeachtaí againn i gcaitheamh na bliana, cuir i gcás sraith cainteanna ó Bhuaiteoirí Ghradam Booker dar díoladh gach ticéad, buaiteoir 2024 Paul Lynch ina measc, mar aon le buaiteoirí an Ghradaim ó bhlianta eile – John Banville, Anne Enright agus Roddy Doyle. Taobh leis na turais a bhíonn againn don phobal i gcónaí, chuir mé fáilte roimh an deis turas míosúil an Stiúrthóra a threorú ina mbreathnaímid ar stair an fhoirgnimh i Sráid Chill Dara.

Ar na buaicphointí bliantúla bhí Léacht Bhliantúil Hassett Yeats inar thug an Dr Belinda McKeon príomhóráid dar teideal 'Yeats and the Objects of Home' chomh maith leis an gcomórtas Filíocht os Ard a nglacann daoine óga páirt ann a úsáidfidh an Leabharlann amach anseo. Chuir breis agus 350 dalta ó scoileanna dara leibhéal ó gach cearn den oileán isteach air i mbliana.

Táimid le feiceáil i níos mó áiteanna ar líne anois agus bímid ag cur leis na bealaí cumarsáide le go mbeimid in ann teagmháil a dhéanamh leis an bpobal is leithne agus is féidir, cuir i gcás an láithreán gréasáin dátheangach atá againn, na hardáin shóisialta, ócáidí ar an idirlíon agus an chatalóg ar líne. Bronnadh Gradam Ríomhsheirbhísí an Rialtais orainn don láithreán gréasáin as an nuálaíocht dhigiteach agus as caighdeán ard an láithreáin. Aitheantas a bhí ann d'iarrachtaí na Leabharlainne i dtionscnaimh don aistriú digiteach le go mbeadh teacht ag níos mó den phobal ar sheirbhísí. Ina theannta sin, bronnadh gradam ar an láithreán gréasáin as bheith ar an 'Láithreán Gréasáin is fearr ó thaobh Dearadh Uilíoch de' chomh maith leis an 'Grand Prix' i nGradaim 2024 Spider don tSármhaitheas Dhigiteach. Aitheantas atá anseo ar dhílseacht Leabharlann Náisiúnta na hÉireann as féachaint chuige go mbeidh an láithreán gréasáin furasta le húsáid ag cách, obair atá ag teacht leis na gealltanais atá tugtha againn i leith na héagsúlachta agus na hionchuimsitheachta.

Chuireamar fáilte in 2024 roimh bhaill nua d'fhoireann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a bheidh ag obair linn sna hEastáit, Acmhainní Daonna agus Bailiúcháin agus sa Chaomhantas agus Cláreagrú. Tá dhá mhilliún déag mír againn sa bhailiúchán náisiúnta, ach an acmhainn is fearr atá againn ná na hoibrithe díograiseacha atá againn a bhíonn ag obair le scéalta na hÉireann a chosaint agus a chraobhscaoileadh.

Gabhaim buíochas ó chroí leis na baill foirne, páirtithe leasmhara, léitheoirí agus leis an bpobal úsáide ar fad a thacaíonn agus a bhíonn ag plé le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus atá páirteach san obair ar mhaithe leis an bhfóram riachtanach seo don fhoghlaim agus don smaointeoireacht.

An Dr Audrey Whitty



# Sracfhéachaint ar 2024

## BAILIÚ + CATALÓGÚ

Cruthaíodh

**7,069**

taifead catalóige cruthaithe i Roinn na mBailiúchán Speisialta

**73%** An céatadán de na Bailiúcháin Speisialta a fuarthas in 2024 a rinneadh a chatalógú

Cuireadh

**15,000+**

mír leis na Bailiúcháin Fhoilsithe

**96%** An céatadán de na Bailiúcháin Fhoilsithe a fuarthas in 2024 a rinneadh a chatalógú

## DIGITEACH

Cuireadh

**380**

láithreán gréasáin sa chartlann

Tháirg an stiúideo digiteach

**102,000+**

íomhá nua



## LÉITHEOIRÍ + SEIRBHÍS TAIGHDE

**25,000+**

taighdeoir ar an láthair

Breathnaíodh ar **24,000+** mír ar an láthair

Amharc ar an gCatalóg ar Líne: **2,250,000+**

## CUAIRTEOIRÍ + RANNPHÁIRTÍOCHT

**127,000+**

cuairt ar thaispeántais NLI ar an láthair

**3**

Spás nua:
Léachtlann Joly | Richard Hayes | Seomra Ealaíne

## COMHAR + TIONSCNAIMH

**51%** Sábháil Fuinnimh

I gcomparáid le bonnlíne 2009, mar a tuairiscíodh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) é

**50** Tionscadal Comhoibríoch

## LÁITHREÁN

**1.3 milliún**

Líon comhiomlán cuairteanna: 1,300,000 (53% Éire/ 47% thar lear)

cuairteanna ar nli.ie: 244,000

## NA MEÁIN SHÓISIALTA

**12%**

Fás 12% ar na hardáin meán sóisialta go léir (líon comhiomlán leantóirí)

1 ardán meán sóisialta nua (Bluesky)

# Bailiú

Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leabharlann taifead na hÉireann. Tá os cionn dhá mhilliún déag mír sa bhailiúchán náisiúnta againn thar ceann mhuintir na hÉireann, cuir i gcás leabhair, nuachtáin, priontaí agus líníochtaí, os cionn cúig mhilliún grianghraf, léarscáileanna, ábhar gearrshaolach, lámhscríbhinní agus ábhar digitghinte. Tá modhanna éagsúla ann ina bhfaightear ábhar do bhailiúchán an NLI: bronntanas, ceannach, cartlannú digiteach agus an taisclann dlí.

Ó thaobh na seilfeanna ar fad a theastaíonn i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann de, meastar gur 43km de sheilfeanna atá ann. Meastar go bhfásfaidh an figiúr sin chomh mór le 50km faoi 2040. Cuireadh beagnach 3,500 leabhar le bailiúcháin na bhfoilseachán i mbliana



**Samplaí den ábhar suntasach a fuarthas in 2024:**

- An dara sciar de pháipéir leis an bhfile Paul Durcan a bhaineann leis an tréimhse ó na 1960idí go dtí an lá atá inniu ann. Istigh san ábhar cartlainne tá na céadta leabhar nótaí agus fillteán ina bhfuil dréachtaí lámhscríofa, foilseacháin a bhfuil nótaí iontu, litreacha, cártaí, agus ábhar gearrshaolach.
- *An saol in Éirinn in aimsir Covid-19: Tionscadal de chuid Chumann Grianghrafadóirí Preasa na hÉireann*Bailiúchán ó Ghrianghrafadóirí Preasa an Chumainn - 74 bronntóir, 195 grianghraf agus cúig fhíseán.

Gné bhunúsach den ábhar nua a fhaightear i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ná go mbítear ag féachaint leis an mbailiúchán náisiúnta a fhairsingiú. Bhímis ag cur le bailiúcháin na Leabharlainne i gcaitheamh 2024. Meascán de bhronntanais agus ábhar eile a fuarthas a bhí ann.

Tá achoimre thíos ar chuid de na rudaí suntasacha a fuarthas ar na mallaibh.

**Bailiúcháin Speisialta:**

- Litreacha ó WB Yeats chuig Elizabeth Radcliffe (1913-1917) ag tagairt den chuid is mó don scríbhneoireacht uathoibríoch sna séansanna acu.
- Páipéir an eastáit agus an teaghlaigh ag baint le muintir Vandeleur i gCill Liúcainne, Contae na hIarmhí (1670-1985).
- Ábhar cartlainne na fondúireachta A Little Lifetime atá ag tacú ó 1983 le teaghlaigh in Éirinn a bhfuair páiste leo bás.
- *Páipéir Norah McGuinness*: comhfhreagras, dialanna, gearrtháin as páipéir nuachta agus cáipéisí pearsanta de chuid an ealaíontóra Norah McGuinness (1903-1980).






*Páipéir Paul Durcan*



An Coimeádaí Ciara Kerrigan, an t-ealaíontóir Annie West agus an Stiúrthóir, an Dr Audrey Whitty

**Priontaí, Líníochtaí agus Ábhar Gearrshaolach:**

- Léaráidí agus saothar ealaíne le healaíontóirí comhaimseartha, cuir i gcás Alan Clarke agus Annie West.
- *Filíocht Bláthanna*, lámhscríbhinn agus díolaim fhairsing uiscedhathanna (1820idí) le Laetitia Emerson Tennent.

**Seo samplaí de na grianghraif a cuireadh leis an mbailiúchán mór atá againn, os cionn 5 mhilliún grianghraf:**

- *Bailiúchán Spéirthumadóireachta Tony Coyne* ina bhfuil sé cinn d'albaim, ábhar dubh agus bán agus ábhar daite iontu.
- *Bailiúchán Eoraifíse Philippe Schlesser* – 20 albam daite ag baint leis na comórtais a cuireadh ar siúl in Éirinn sna blianta 1988, 1993, 1994, 1995 agus 1997.
- *Bailiúchán Kate Horgan* – grianghraif leis an iriseoir agus buaiteoir duaiseanna: daoine agus imeachtaí ar fud na hÉireann idir 1985 agus na 2000idí.

**Ceiliúradh ar na bronntóirí:**

Táimid go mór faoi chomaoin ag na daoine agus grúpaí a chuireann a n-ábhar faoi chúram Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Idir na bronntóirí tosaigh ar nós Jasper Robert Joly agus bronntanais a fuarthas le gairid, mar shampla, ábhar ón gcompántas amharclannaíochta Fishamble: The New Theatre Company agus *Ábhar Cartlainne Malcolm Proud*, bronntanais iad seo lena ndéantar scéalta na hÉireann a chosaint dóibh siúd atá le teacht. Bhí ócáid againn i mí an Mheithimh inar tugadh ómós do na bronntóirí as an méid atá curtha ar fáil dúinn acu.

## Bailiúcháin Dhigiteacha

Bliain mhór a bhí ann in 2024 ó thaobh na dtoghchán de. Cuireadh ábhar leis an gcartlann ar an ngréasáin ó na reifrinn i mí an Mhárta, na toghcháin áitiúla agus Eorpacha sa samhradh agus an tOlltoghchán i mí na Nollag. Rinneadh ábhar a chartlannú ó láithreáin ghréasáin ag baint le hiarrthóirí, páirtithe polaitíochta, leis na meáin, eagraíochtaí tathanta agus leis na Cluichí Oilimpeacha/ Parailimpeacha.

**Rogha bhreise de láithreáin ghréasáin chartlannaithe:**

- Láithreáin ghréasáin a thaifead an 39ú agus an 40ú Leasú.
- Láithreáin ghréasáin de chomhaltaí d'Acadamh Ibeirneach Ríoga na nEalaíon, iad á roghnú ag baill foirne de Rannóg na Leabharlainne agus Cartlainne i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann.
- Cartlann an 100.
- Buiséad 2025.

**Ábhar Cartlainne Digitghinte a fuarthas:**

- Lucht úsáide na seirbhíse in Sunbeam House – agallaimh físe ina gcluintear ó bhaill de Viewpoint, grúpa tathanta in Sunbeam agus iad ag labhairt faoina saol mar dhaoine fásta faoi mhíchumas intleachtúil in aimsir phaindéim Covid-19.
- *Bailiúchán Grianghraf John Eagle* ina bhfuil breis agus 100,000 comhad mar chuid de bhailiúchán hibride níos leithne.



# Ábhar a fuarthas in 2024

380 Láithreán Curtha sa Chartlann

2.54 Teiribheart de Shonraí Gréasáin Éireannacha Curtha ar Fáil

7,323 Nuachtán

1,784 Leabhar Taisce Dlíthiúla Faighte

2,872 Sraithiris

1,599 Leabhar Faighte

5,914 Lámhscríbhinn

1,041 Grianghraf

40 Earra Inbhailithe

74 Prionta agus Líníocht

# Cosaint

Gné lárnach de mhisean Leabharlann Náisiúnta na hÉireann oidhreacht na hÉireann, a muintire agus a cultúir a chaomhnú is ea bainistiú agus cosaint na mbailiúchán. Feidhm riachtanach de Leabharlann Náisiúnta na hÉireann is ea cúram na mbailiúchán. Sna gníomhartha speisialaithe caomhnaithe agus sa chóireáil chaomhnaithe a dhéanaimid, clúdaítear gach gné den obair, cuir i gcás athchóiriú, stóráil a tógadh le sainchuspóir chomh maith leis na dúshláin a bhaineann leis an gcaomhnú digiteach agus pleanáil don chibearshlándáil – dúshláin atá ag éirí níos mó. Tugtar faoi na cúraimí riachtanacha seo ionas gogcoinneofar na bailiúcháin náisiúnta sábháilte le go mbeidh teacht orthu san am i láthair agus feasta.



## Caomhnú agus Cosaint

Tháinig fás ar líon na mball foirne caomhnaithe in 2024. Tugadh faoi chóireálacha iomlána caomhnaithe ar phíosaí sna bailiúcháin de réir ord tosaíochta le linn na bliana taobh le réimse de bhearta coisctheacha.

## Obair chaomhnaithe agus buaicphointí na hoibre in 2024:

- Bhí daoine den bhfoireann caomhnaithe i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag labhairt le linn comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta agus d'fhoilsigh siad aistí i gcomhar le hOllscoil Amstardam.
- Monatóireacht timpeallachta ar spásanna stórála agus taispeántais na mbailiúchán.
- Cuireadh sainchomhairle agus trealamh ar fáil do thionscadal beartaithe athchóiríochta ag baint le trealamh agus ábhar grianghrafadóireachta sa Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta.
- Aimsiú agus maolú rioscaí ó fhórsaí fisiciúla (dóiteán, uisce, lotnaidí, gadaíocht, an teocht mhíchuí, solas).
- An obair ullmhúcháin le haghaidh iasachtaí, na cinn seo ina measc: portráid uiscedhathanna de Rajah Lall Singh ón 18ú haois don taispeántas *Maharaja Ranjit Singh: Leon Phuinseáb* (Londain, Aibreán–Deireadh Fómhair 2024), agus boscaí óir agus airgid don taispeántas '*The Metal stamp'd by honest Fame*' (Caisleán Bhaile Átha Cliath, mí na Samhna 2024–Márta 2025).
- Rinneadh 5,732 bosca cartlannaíochta saincheaptha ar an láithreán.



## Measúnú agus Cosaint

Rinneadh measúnú i rith na bliana ar an spás stórála cartlainne reatha i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chomh maith le roghanna leis an taisclann a fhorbairt. Rinneadh damáiste d'imleabhair áirithe mar gheall ar thuilte in 2024 sa stóras san áiléar sa Sciathán Thoir. B'éigean saineolaithe a fháil leis an damáiste a leigheas. Tá bearta maolaithe tugtha isteach, cuir i gcás monatóireacht níos fearr, ach tá riachtanais fós ann ó thaobh bonneagair de. Tá os cionn 60% de na bailiúcháin á stóráil ar shiúl ón láthair.

## Seirbhísí Digiteacha Caomhantais agus Taisclainne

Is éard atá sa Chaomhnú Digiteach 'an tsraith gníomhaíochtaí bainistithe a theastaíonn le go mbeidh teacht feasta ar ábhar digiteach chomh fada agus a bheidh sin riachtanach'. Bíonn meascán d'obair theicniúil i gceist, cuir i gcás cúltaca agus taisclanna, chomh maith le próisis thraidisiúnta chartlannaíochta le go mbeidh teacht ar fáil feasta ar na bailiúcháin.

Tá foireann na mBailiúchán Digiteach freagrach as bailiúcháin dhigiteacha Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a fhás, a bhainistiú agus a chaomhnú agus as forbairt a dhéanamh ar na córais atá faoina mbonn agus ar an bonneagar teicniúil atá lárnach san obair. Ó seoladh an Beartas don Chaomhnú Digiteach in 2023, an chéad bheartas dá leithéid i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, rinneadh dul chun cinn ansin leis an deimhniú mar Thaisclann Dhigiteach Iontaofa a bhaint amach.

Rinneadh dul chun cinn in 2024 ar an obair chun Córas Digiteach Taisclainne nua a fháil. Chuathas i gcomhairle le hoibrithe i ngach rannóg. Cuireadh oiliúint sa Chibearshlándáil agus sa Chosaint Sonraí ar fáil do gach ball foirne.



Rebecca Taldo, Intéirneach Caomhnaithe

# Nochtadh

Is i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann atá bailiúcháin náisiúnta na hÉireann ó bhí 1877 ann. Tá spásanna poiblí taighde againn, cuir i gcás an Príomhsheomra Léitheoireachta, Seomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní, agus an tseirbhís léitheoireachta Priontaí agus Líníochtaí a seoladh ar na mallaibh.

Bíonn an t-ábhar atá inár seilbh againn i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann le feiceáil i bhfad ar shiúl ó na foirgnimh, é sin a bhuí leis an gcatalógú agus na hacmhainní digiteacha againn.

## Samplaí den obair a rinneadh in 2024:

| | |
|---|---|
| **171,000** | mír dhigiteach a cuireadh ar fáil ar líne i gcatalóg Leabharlann Náisiúnta na hÉireann |
| **14,565** | íomhá ó na bailiúcháin speisialta a ndearnadh iad a dhigitiú in 2024 |
| **7,280** | ceann de thaifid ó chatalóg an bhailiúcháin fhoilsithe a cruthaíodh (leabhair) |

### Buaicphointí Scannánaíochta agus Taifeadta:

- An clár faisnéise ar RTÉ *Christy Brown: Self Portrait* ina raibh ábhar cartlainne ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a scannánaíodh ar an láthair.
- *An tsraith Ireland's Hidden Treasures* (sraith trí chuid ar RTÉ 1) ina bhfacthas oibrithe agus ábhar ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a craoladh ar an teilifís náisiúnta agus ar Sheinnteoir RTÉ.

### Buaicphointí Preasa agus sna Meáin:

- Bhí an-scleondar ann nuair a tháinig léitheoir i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar scéal le Bram Stoker nach raibh eolas air, *Gibbet Hill*. Cuireadh dúil as cuimse san fheachtas sna meáin a tháinig as SIN agus clúdaíodh an nuacht sa phreas idirnáisiúnta, cuir i gcás sa *New York Times* agus ar Nuacht BBC.
- Bhí clúdach sna meáin náisiúnta ar fheachtais ag baint le Seachtain na Gaeilge, Scéim GCC an Ghrianghrafadóra Chónaithe agus bailiúchán grianghraf in aimsir Covid-19 Cumann Grianghrafadóirí Preasa na hÉireann.

### Clár Scoláireachtaí

Ó bhí 1999 ann, tá socrúcháin oibre curtha ar fáil faoin gclár seo i gcomhar le Scoileanna COBÁC an Léinn Leabharlannaíochta agus Faisnéise, le Coiste na hÉireann do na hEolaíochtaí Stairiúla agus leis an gComhairle Oidhreachta.






*Ireland's Hidden Treasures*, RTÉ 1



Brian Cleary, leabhar nua-aimsithe le Bram Stoker

## Dul chun cinn ar an gClár Tógála

Cuireadh tús leis an gclár *'An Leabharlann Nua a Shamhlú as an Nua'* thiar sa bhliain 2017. Ó shin i leith, tá obair mhór thógála curtha i gcrích againn i ngach cuid den champas againn i Sráid Chill Dara. Mar chuid den obair sin, aistríodh breis agus 350,000 mír sna bailiúcháin ó chruacha tosaigh na leabhar go taisclann leabhar ar an láthair a tógadh don chuspóir sin. Osclaíodh spásanna athchóirithe don phobal.

Tá an Tionscadal Forbartha Caipitil i bhfoirgneamh an Sciatháin Thiar ar an infheistíocht is suntasaí i mbonneagar an champais againn i Sráid Chill Dara ó osclaíodh an foirgneamh sin in 1890. Déanfar an t-áitreabh seo againne a nuachóiriú ar na caighdeáin is airde dá bhfuil ann san obair seo. San am céanna, déanfar gach iarracht le háilleacht oidhreachta agus ailtireachta an áitribh seo ó ré Victoria Shasana a chaomhnú.

### Garspriocanna in 2024:

**R1**

**Tugadh cead pleanála le dul ar aghaidh leis an athfhorbairt mhór seo.** Fuarthas cead fosta ón máthair-roinn agus bhíomar in ann dul ar aghaidh leis an gcéad chéim eile den obair mar sin. Seo garsprioc mhór mhillteach don Leabharlann agus léiriú go bhfuilimid ag dul sa treo ceart.

**R2**

**Osclaíodh Léachtlann nua Joly.**
Tá áiseanna den chéad scoth sa spás poiblí seo i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Tá suíocháin ann do nach mór 100 duine agus teacht ag cách ar an áit. Dearadh an tsaoráid nua seo le go bhféadfaí imeachtaí, léachtaí agus coirmeacha poiblí a chur i láthair ann. Céim chun tosaigh eile atá ann ag cloí le bunchuspóir na Leabharlainne fáilte a chur roimh phobail níos leithne lán éagsúlachta.

**R3**

- **Bailiúcháin Speisialta: osclaíodh an tSeirbhís Léitheoirí – Priontaí, Líníochtaí agus Earraí Inbhailithe arís don phobal** ó mhí Lúnasa 2024 ar aghaidh. Caithfear coinne a dhéanamh leis an tseirbhís a úsáid sa Seomra Ealaíne atá athchóirithe le déanaí.
- **Oscailt Sheomra Richard Hayes** le hómós a léiriú ar an Dr Richard Hayes, Stiúrthóir ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tráth agus crioptanailísí le linn an Dara Cogadh Domhanda.

**R4**

**Taisceadh iarratas pleanála chun oibreacha caomhnaithe a dhéanamh ar an bPríomhsheomra Léitheoireachta** agus áiléar gloinithe do chuairteoirí a chur isteach os cionn an Phríomhsheomra Léitheoireachta.






Oscailt Léachtlann Joly



Oscailt na seirbhíse do Léitheoirí Priontaí agus Líníochtaí sa Seomra athchóirithe Ealaíne

# Rannpháirtíocht

Tá an teagmháil a dhéanaimid leis an bpobal á múnlú ag traidisiún na fáilte sa Leabharlann Náisiúnta. Gné lárnach den chláreagrú againn ná na cláir phoiblí, taispeántais agus imeachtaí cumaisc. Féadaimid leas a bhaint as an gcur chuige cumaisc atá againn d'imeachtaí le níos mó daoine a chur ar an eolas faoi bhailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta. Fágann sé go mbíonn teacht ag pobal níos leithne ná riamh ar na hacmhainní atá ar fáil. Sna seomraí léitheoireachta, atá dírithe go hiomlán ar an gcuspóir agus a ndéantar freastal ar lucht a n-úsáide, Seomra Stair an Teaghlaigh san áireamh, tugtar deis speisialta do léitheoirí taithí a fháil ar na bunfhoinsí i mbailiúcháin na Leabharlainne Náisiúnta.

## An Líon Cuairteoirí ar an Láthair

**Taighdeoirí**

| | |
|---|---|
| An Príomhsheomra Léitheoireachta | 19,448 |
| Seomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní | 2,943* |
| Seomra Stair an Teaghlaigh | 2,791 |
| Léitheoirí nua a chláraigh | 6,753 |

**Taispeántais**

| | |
|---|---|
| *Seamus Heaney: Éist Anois Arís* | 37,990 |
| An Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta | 23,345 |
| *Yeats: Saol agus Saothar WB Yeats* | 66,067 |

## Rannpháirtíocht ar Líne in 2024

**Imeachtaí ar Líne**

| | |
|---|---|
| *Seamus Heaney: Éist Anois Arís* | 1,027 |
| Campas Shráid Chill Dara | 2,339 |

**Úsáid an Láithreáin Gréasáin**

Láithreán gréasáin na Leabharlainne Náisiúnta

**243,941** cuairt
**582,232** uair a breathnaíodh ar an leathanach

| | |
|---|---|
| Líon uaireanta a breathnaíodh ar Flickr | 6,508,902 |

***Seomra Léitheoireachta na Cartlainne Náisiúnta Grianghrafadóireachta**



# Na Meáin Shóisialta in 2024


**Forléargas ar ardáin rannpháirtíochta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann**

Tugann na meáin shóisialta deiseanna dúinn dul i dteagmháil le pobal ar líne. Bhí leibhéil arda rannpháirtíochta ann in 2024 ar na hardáin ar fad atá againn. Bhí LinkedIn agus Instagram an-úsáideach againn le bheith i dteagmháil leis an bpobal agus chun cur leis an teagmháil sin.

**Leantóirí**

- Facebook: 40,930 (+ 4%)
- X: 48,920 (- 1%)
- Instagram: 32,163 (+ 21%)
- LinkedIn: 6,055 (+ 103%)
- Bluesky: 4,063 (ardán nua)

## Na postálacha is mó suim




**LinkedIn**

Edna O'Brien ar shlí na fírinne


9,196 amharc




**Is Mó Tóir ar Facebook**

Foireann Iománaíochta Thiobraid Árann

104,671 amharc




**Is Mó Tóir ar Instagram**

Lá Idirnáisiúnta na Máthairtheangacha

3,272 'Is maith liom é'

26,093 amharc

# Taispeántais, Imeachtaí agus Rannpháirtíocht 2024

## TAISPEÁNTAIS





### *Yeats: Saol agus Saothair William Butler Yeats*

**Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, 7/8 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2**

Tá duaiseanna buaite ag an taispeántas ilmheán seo ina mbaintear leas as bailiúchán fairsing Yeats i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chun breathnú ar shaol Yeats agus ar na réimsí a raibh dúil aige iontu, cuid i gcás an litríocht, béaloideas, amharclannaíocht, polaitíocht agus an asarlaíocht.

### *Seamus Heaney: Éist Anois Arís*

**Ionad Cultúrtha agus Oidhreachta Bhanc na hÉireann, Sráid Westmoreland, Baile Átha Cliath 2**

Baintear leas as ábhar fairsing cartlainne de cháipéisí ag baint le Heaney i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann sa tionscadal comhpháirteach seo idir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, agus Banc na hÉireann.





## TAISPEÁNTAIS TAISTIL

**I measc na mbuaicphointí:**

- *Seamus Heaney: Éist Anois Arís* i dTeach Chathair na Mart, Feabhra 2024. Taispeántas breá a bhí ann agus 1,275 duine a tháinig lena fheiceáil sa choicís a raibh sé ann.
- *Tall Tales and Deadly Drawings* agus *Éire ar Léarscáileanna*, an dá cheann acu in Ionad Oidhreachta Mhaigh Eo Thuaidh, Iúil – Deireadh Fómhair 2024.
- *An tAm atá Thart sa Phreas* i gColáiste Naomh Benildus, Stigh Lorgan, Eanáir 2024.

### *Daoine & Áiteanna: Éire sa 19ú, san 20ú agus san 21ú hAois*

**An Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta, Cearnóg Theach an Tionóil, Barra an Teampaill, Baile Átha Cliath 2**

- Sa taispeántas seo tá 50 íomhá ó bhailiúcháin fhairsinge ghrianghrafadóireachta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ina bhfaightear blaiseadh de na hathruithe sóisialta, cultúrtha agus teicneolaíochta atá tagtha chun cinn in Éirinn.
- Cuireadh taispeántas digiteach d'íomhánna ó *bhailiúchán Chumann Grianghrafadóirí Preasa na hÉireann in aimsir Covid-19* leis an spás taispeántais.

# Taispeántais, Imeachtaí agus Rannpháirtíocht 2024

Tá clár leathan imeachtaí ann le go mbeidh teacht níos fearr ag pobal níos leithne i rith an amach ar bhailiúcháin agus ar acmhainní Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Táimid i ndiaidh cur le cláreagrú na Leabharlainne le go mbeidh múnla cumaisc againn agus teacht ag pobal ar fud na cruinne ar chuid mhaith d'imeachtaí na Leabharlainne.

**Ceiliúradh á Dhéanamh ar Éireannaigh a bhfuil Duais Booker bainte acu:**

Cuireadh tús leis an tsraith bheo cainteanna i mí Aibreáin, tráth a raibh buaiteoir Ghradam Booker 2023, Paul Lynch, i mbun comhrá leis an úrscéalaí Belinda McKeon. Leanadh ar aghaidh leis an tsraith i mí Bealtaine agus mí an Mheithimh agus bhí buaiteoirí eile Dhuais Booker ann – John Banville, Anne Enright agus Roddy Doyle.

**An tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta**

Ar an gclár in 2024 bhí cainteanna ann faoin gCaomhnú, bhí Cócaireacht ann agus '*Cooking the Books*', chomh maith le Grianghrafadóir Cónaithe GCC agus Ceardlann Bleachtaireachta Grianghrafadóireachta do leanaí.

**Poetry Aloud**

Fuarthas 358 iontráil ó scoileanna ar fud an oileáin don chomórtas i mbliana, á eagrú ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus Éigse Éireann i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Bhí 29 duine ó 15 chontae sa bhabhta ceannais.

**Grianghrafadóir Cónaithe GCC**

Sheol Leabharlann Náisiúnta na hÉireann Grianghrafadóir nua Cónaithe i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an aidhm ann taifead físeach a dhéanamh ar athruithe ar an tírdhreach in Éirinn. Ceapadh Paula T. Nolan, agus i gcaitheamh 2024 agus i dtús 2025 ghlac sí pictiúir d'athruithe ar na dálaí aeráide agus timpeallachta thar na ceithre shéasúr, í in ann plé le saineolaithe ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus leas a bhaint as an ábhar cartlainne i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

**Féilte agus Imeachtaí**

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann in ann cur le clár níos mó agus dul i bhfeidhm ar phobal nua de bharr páirt a ghlacadh i bhféilte áitiúla agus náisiúnta. Cúis áthais dúinn in 2024 go rabhamar ag obair le chomhpháirtithe cuir i gcás an fhéile An Chruit Bheo, Féile Éireannach Milwaukee, Féile Leabhar Bhaile Átha Cliath, Féile Staire Bhaile Átha Cliath, Oíche an Chultúir agus Tithe Oscailte, Baile Átha Cliath. Seo cuid de na himeachtaí a bhí againn i gcomhar le dreamanna eile: seoladh an leabhair *Atlas of the Irish Civil War: New Perspectives* in éindí le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh; beoshruthú ó Scoil Samhraidh Idirnáisiúnta Yeats; Lá Náisiúnta na Líníochta; agus ceiliúradh ar 100 bliain de Chairde Bhailiúcháin Náisiúnta na hÉireann.

**Coimisiún Cruthaitheacha**

Bhíomar ag obair leis an ealaíontóir Margaret Anne Suggs i ndeireadh 2024 chun saothar ealaíne a chur ar fáil a bhí le feiceáil ar chárta Nollag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Tá an léaráid bunaithe ar an ulchabhán ón urlár mósáice i bPríomh-Halla na Leabharlainne Náisiúnta. An comhlacht Oppenheimer Mhanchain Shasana a dhear an mhósáic agus toin de na dathanna uaine, liath agus ór inti, chomh maith leis an ulchabhán, siombail an eolais agus na foghlama, agus an focal Laidine *Sapientia* (gaois, críonnacht).







# Nuáil

Coincheap réasúnta nua atá ann an leabharlann náisiúnta mar áit a thaisctear eolas, oidhreacht, cultúr agus cuimhne náisiúin, an leabharlann sin ar fáil go hoscailte saor in aisce do chách. Muidne atá chun tosaigh sa bhailiú digiteach agus sa digitiú le go mbeidh teacht ar chultúr na hÉireann amach anseo. Tá ról riachtanach ag an Stiúideo Digiteach i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leis na bailiúcháin náisiúnta a chur os comhair an phobail. Cuireadh 102,000 íomhá ar fáil in 2024.

## Cartlannú Roghnaíoch an Ghréasáin

Roghnaíonn an NLI codanna den ghréasán in Éirinn a chartlannú agus moltaí ann ón bpobal. Tá daoine in ann láithreáin ghréasáin a úsáid sa chartlann díreach mar a dhéanfaidís ar líne. Ar an mbailiúchán cartlainne gréasáin atá againn, déantar láithreáin ghréasáin a bhfuil ábhar ag baint le hÉirinn orthu (ó 2011 ar aghaidh) a chaomhnú agus a chur ar fáil go hoscailte. Dá réir, beidh teacht ar na láithreáin ghréasáin seo go slán sábháilte fiú má athraíonn nó má imíonn siad.

## Comhpháirtíochtaí Digiteacha

I mí Mheán Fómhair, d'eagraigh an NLI ceardlann ar an láthair ar sholáthar córas don chaomhnú digiteach i gcomhar leis an gComhghuaillíocht ar son Caomhnú Digiteach. D'fhreastail níos mó ná 40 duine ó gach cúige in Éirinn ar an gceardlann.

Chuaigh Cartlann Ghréasáin an NLI i mbun oibre i gcomhar le foireann ó Leabharlann agus Cartlann an Ghailearaí Náisiúnta chun láithreáin ghréasáin de chuid comhaltaí den Acadamh Ibeirneach Ríoga a roghnú lena gcur sa chartlann ghréasáin. Ina theannta sin, d'oibríomar le Coimisiún na Meán lena láithreán gréasáin a chartlannú sula ndearnadh é a athdhearadh.



## Gradaim agus Éachtaí

**Láithreán gréasáin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:**

- Gradam ríomhsheirbhísí an Rialtais in 2024 as an nuálaíocht agus sármhaitheas.
- 'An Láithreán Gréasáin is fearr don Dearadh Uilíoch' agus an 'Grand Prix' i nGradaim 2024 Spider don tSármhaitheas Dhigiteach.

**Dearadh Grafach an NLI**

Bhí trí cinn de dhearaí le dearthóir grafaicí inmheánach an NLI istigh mar chuid den ábhar a roghnaíodh do Chartlann an 100, an chuid is fearr den dearadh cumarsáide in Éirinn. Cuid de na saothair: an tsraith imeachtaí *Déanach sa Leabharlann*, an taispeántas *Daoine agus Áiteanna* agus comóradh 100 bliain ó bhronnadh *Duais Nobel na Litríochta ar Yeats*.

## Éagsúlacht agus cuimsiú

Tá an éagsúlacht agus an t-ionchuimsiú lárnach i ngach a ndéanaimid, muid ag forbairt ar an traidisiún in an NLI le fada go gcuirtear fáilte roimh chách. Tugaimid tús áite don chomhionannas agus déanaimid an éagsúlacht agus an t-ionchuimsiú a fhí isteach i ngach gné dár gcuid oibre, dár mbailiúcháin agus dár gcaidrimh oibre.

**Cuid de na buaicphointí:**

- Bhí turas inrochtana ann agus i measc na n-aíonna bhí James Casserly agus an tArd-Mhéara Daithí de Róiste.
- Cuireadh oiliúint feasachta faoi Theanga Chomharthaíochta na hÉireann ar fáil don fhoireann.
- Cuireadh áireamh míchumais foirne i gcrích.

## Buaicphointí Aeráide agus Inbhuanaitheachta

- Deimhniú Cré-umha bainte amach mar Fhostóir Eorpach atá Báúil le Rothaithe, Fondúireacht Rothaithe an AE.



Stiúideo Digiteach

# Tuairisciú Corparáideach

## An Sainordú um Ghníomhú ar son na hAeráide san Earnáil Phoiblí

Leagtar béim sa sainordú aeráide don earnáil phoiblí ar na cuspóirí is tábhachtaí do chomhlachtaí poiblí ó thaobh gníomhú ar son na haeráide de. Tuairiscíonn an NLI ar na nithe seo a leanas d'fhonn cloí leis an sainordú:

### 1. Astaíochtaí Gás Ceaptha Teasa

Tá coigilt fuinnimh 50.6% le feiceáil i gcás an NLI i gcomparáid le bonnbhliain 2009 sa tuarascáil faireacháin agus tuairiscithe do 2024 ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Tá 42.9% de laghdú le baint amach fós ar astaíochtaí gás ceaptha teasa má táthar leis an sprioc do 2030 a chomhlíonadh.

### 2. Feidhmiú an tsainordaithe

Rinne an Bord Treochlár 2024 an NLI don Ghníomhú ar son na hAeráide a fhormheas i mí an Mheithimh, 2024.

### 3. Tuairisc ar ghníomhaíochtaí inbhuanaitheachta

Is iad seo a leanas cuid de na tionscadail spárála fuinnimh ar tugadh fúthu in 2024:

- Pleanáil d'fhorbairt an champais; samhaltú bunaithe ar an mbearna go dtí an sprioc chun an úsáid fuinnimh agus an tionchar ó astaíochtaí a shamhaltú.
- Athbhreithniú ar an straitéis maidir le huisce te a tháirgeadh chun caillteanais fuinnimh sa chúrsaíocht sa samhradh a laghdú.
- Straitéis maidir le rialuithe don chóras bainistíochta fuinneamh le go mbeidh aschur fuinnimh níos éifeachtúla ann.
- Cuireadh isteach cumhdaigh inslithe ar chomhlaí agus insliú ar an bpíbobair chun an caillteanas teasa a laghdú.

### 4. Imlitir 1/2020

Dearbhaíonn an NLI go bhfuiltear tar éis cloí le Ciorclán 1/2020 nósanna imeachta leis na hastaíochtaí a bhaineann leis an taisteal oifigiúil a fhritháireamh.

## Rochtain ar Eolas

In 2024, fuarthas ceithre Cheist Pharlaiminte agus ceithre cinn déag d'iarrataí saorála faisnéise in an NLI.

## An Chothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú ar Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

Sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016), luaitear mar sprioc ionadaíocht 40% ó gach inscne i measc na gcomhaltaí ar Bhoird Stáit. I ndeireadh 2024, seachtar ban (58% den Bhord) agus cúigear fear (42% de) a bhí ar an mBord.

Déanann an NLI deimhin de go leagtar béim ar an gCothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú i leabhrán earcaíochta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí nuair a bhíonn daoine á n-earcú chuig folúntais ar an mBord.

## Achtanna na dTeangacha Oifigiúla

Tá gealltanais tugtha ag an NLI go gcomhlíonfaidh an eagraíocht na hoibleagáidí ar fad atá uirthi faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus 2021.

Tá Ceannasaí na mBailiúchán Foilsithe in an NLI ceaptha chun maoirseacht a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht agus chun tuairisciú i leith oibleagáidí an NLI faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus 2021.

Is iad seo a leanas na gníomhartha a glacadh in an NLI in 2024 le go gcloífí leis an Acht:

- Cuireadh Beartas don Ghaeilge i gcrích agus foilsíodh é i nGaeilge agus i mBéarla ar láithreán gréasáin an NLI.



# An Bord (ó Dheireadh Fómhair 2025)

**Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:**

"ábhar atá i mbailiúchán na Leabharlainne Náisiúnta a chaomhnú, a athchóiriú, a chothabháil agus a mhéadú ar mhaithe leis an bpobal agus taifead ar ábhar leabharlainne a bhaineann le hÉirinn (lena n-áirítear ábhar a bhaineann leis an nGaeilge) a bhunú agus a choimeád agus rochtain éigin a thabhairt do bhaill den phobal ar ábhar a bhaineann le tíortha eile."



**Eoin McVey**
Cathaoirleach



**An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh**
Leaschathaoirleach



**An Dr Marie Bourke**



**Michael Diviney**



**John Grenham**



**Lisa Grimm**



**Lorelei Harris**



**An Dr Brian Lang**



**An tOllamh Kalpana Shankar**



**Caitríona Sharkey**



**Genevieve Wyeth**



**Liz Coffey**
Ainmní Foirne

Tá tuilleadh eolais agus beathaisnéisí níos iomláine ar an leathanach faoin bhFaisnéis Chorparáideach ar www.nli.ie

# Coistí agus an Fhoireann Ceannaireachta (ó Dheireadh Fómhair 2025)

## An Coiste Comhairleach Léitheoirí

Cabhraíonn an Coiste Comhairleach do Léitheoirí leis an mBord agus cuireann comhairle ar an mBord maidir le seirbhísí an NLI.

**Cathaoirleach: Lorelei Harris**
**Baill:**

- Lian Bell
- Michael Diviney
- Harry Hughes
- Liam O'Brien
- An tOllamh Mary O'Dowd (a d'éirigh as i nDeireadh Fómhair 2025)

## An Coiste um Ghinealas agus Araltas

Cabhraíonn an Coiste Ginealais agus Araltais leis an mBord agus cuireann comhairle ar an mBord maidir le feidhmeanna an NLI atá ag baint le ginealas agus araltas.

**Cathaoirleach: John Grenham**
**Comhaltaí:**

- An Dr Marie Bourke
- Catriona Crowe
- Lisa Grimm
- Tony Hennessy
- Nicola Morris
- An Dr Rachel Murphy
- An tOllamh Kalpana Shankar

**De bhrí oifige: an Dr Audrey Whitty, Stiúrthóir**

## An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Cabhraíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca leis an mBord agus cuireann comhairle ar an mBord maidir le dearbhuithe riosca, rialála, rialachais agus dearbhuithe gaolmhara an NLI.

**Cathaoirleach: an tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh**
**Comhaltaí:**

- Denis O'Connor
- An tOllamh Philip O'Regan
- Caitríona Sharkey
- Genevieve Wyeth

## Foireann Shinsearach Ceannaireachta an NLI:

Ar an bhFoireann Ceannaireachta tá an Stiúrthóir agus an ceannasaí ar gach rannóg in an NLI. Is é is cuspóir don Fhoireann Ceannaireachta feidhmiú straitéis an NLI a fhorbairt agus a chur chun cinn ar leibhéal cuí, an obair sin de réir shaineolas na foirne, agus ceannaireacht a léiriú i gcinnteoireacht agus freagracht chomhchoiteann.

**Stiúrthóir: an Dr Audrey Whitty**

- Leas-Stiúrthóir agus Ceannasaí na nEastát: Brian O'Donnell
- Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha: Elizabeth Coffey
- Ceannasaí Acmhainní Daonna: Katy Lumsden
- Ceannasaí na mBailiúchán Foilsithe: Eoin McCarney
- Ceannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe: an Dr Sinéad McCoole
- An Ceannasaí Soláthair Seirbhíse: Sandra McDermott
- Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach: Eoghan Ó Carragáin
- Ceannasaí na mBailiúchán Speisialta: Crónán Ó Doibhlin (ó mhí an Mheithimh 2025)
- An Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Riosca: Kathleen Ruane

## Cuntas achomair ar Stair Leabharlann Náisiúnta na hÉireann



**1877**

Bunaíodh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann faoin Acht um an Músaem Eolaíochta agus Ealaíne, Baile Átha Cliath, 1877. Bhí an Leabharlann in áitreabh Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath ar dtús i dTeach Laighean, Sráid Chill Dara.



**1890**

Aistríodh an Leabharlann ansin chuig an áitreabh nuathógtha, 7/8 Sráid Chill Dara. Aistríodh leabharlann an Dr Jasper Robert Joly chuig Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ó Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath. Ba é an t-ábhar sin a bhí lárnach i mbailiúchán Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Tá an-fhairsinge ábhair sa bhronntanas sin uaidh: leabhair, lámhscríbhinní, priontaí, léarscáileanna agus ceol scríofa.



**1927**

Baineadh amach stádas mar thaisce dhlíthiúil agus, dá réir, tá an Leabharlann i dteideal cóip a fháil de gach rud d'fhoilseofaí i Saorstát na hÉireann.



**1990**

Osclaíodh Seomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní i seanáitreabh Chlub Shráid Chill Dara (2/3 Sráid Chill Dara).



**1998**

An Chartlann Náisiúnta Ghrianghrafadóireachta: osclaíodh an Chartlann seo i mBarra an Teampaill mar áitreabh taispeántais don bhailiúchán grianghraf.

**2005**

Bunaíodh an Leabharlann mar Fhoras Náisiúnta Cultúir agus Bord ann anois seachas Comhairle Iontaobhaithe.



**2017**

Tionscadal Forbartha Caipitil: *cuireadh tús leis an tionscadal 'an Leabharlann Náisiúnta á samhlú as an nua'*. Faoin tionscadal, déanfar an príomhfhoirgneamh i Sráid Chill Dara a athrú ó bhonn, taispeántais nua ann agus spásanna don fhoghlaim agus d'imeachtaí.



**2018**

Osclaíodh taispeántas an NLI *Seamus Heaney: Éist Anois Arís* in Ionad Cultúir agus Oidhreachta Bhanc na hÉireann, Faiche an Choláiste.



**2019**

Chuathas ag obair i gcomhar leis an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath le Músaem Litríochta na hÉireann a chur ar bun i dTeach Newman, Faiche Stiabhna.

LEABHARLANN NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

# Ráitis Airgeadais 2024


| | |
|---|---|
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 34 |
| Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach | 39 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 42 |
| Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe | 44 |
| Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 45 |
| Ráiteas ar Staid an Airgeadais | 46 |
| Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 47 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 48 |

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024**

## Rialachas

Ceapadh Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI) i gcomhréir leis an Acht um Fhorais Chultúir, 1997. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 12 den Acht (Feidhmeanna Bhord na Leabharlainne). Tá an Bord cuntasach don Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus freagrach as an dea-rialachas a chinntiú. Baintear an méid sin amach mar thoradh ar chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le gach ceist mhór ghnó. Tá an Stiúrthóir agus an fhoireann shinsearach ceannaireachta freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh rialta laethúil na Leabharlainne Náisiúnta. Caithfidh an Stiúrthóir agus an Fhoireann Shinsearach Ceannaireachta cloí leis an treoir straitéiseach a leagann an Bord, agus caithfidh siad a áirithiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag gach comhalta boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus príomhchinntí i ndáil leis an eintiteas, agus maidir le haon rioscaí suntasacha ar dócha go dtiocfaidh siad aníos. Gníomhaíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus lucht bainistíochta na Leabharlainne.

Carthanas cláraithe is ea Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Uimhir Charthanais Chláraithe Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ná 20206624. Tá díolúine chánach do charthanais ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

## Freagrachtaí Boird

Tá an obair agus na freagrachtaí atá ag gach duine atá bainteach le feidhmiú an Bhoird leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) do chomhaltaí den Bhord, don Chathaoirleach, Stiúrthóir agus Rúnaí. Tá leagtha amach sa Chód freisin na nithe atá forchoimeádta go sonrach le go ndéanfaidh an Bord cinneadh ina leith. I measc na mbuanmhíreanna arna mbreithniú ag an mBord, tá:

- Dearbhuithe Leasanna,
- Tuarascálacha ó na coistí,
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta,
- Tuarascálacha ar fheidhmíocht, agus
- Nithe forchoimeádta.

Le halt 35 den Acht um Fhorais Chultúir, 1997, ceanglaítear ar Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a cheadóidh an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choinneáil den airgead go léir a fhaigheann agus a chaitheann an Leabharlann.

**Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann na nithe seo a dhéanamh:**

- Beartais chuntasaíochta iomchuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- Breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- Ráitis airgeadais a ullmhú bunaithe ar an mbonn gnóthais leantaigh ach amháin má bhíonn sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ag feidhmiú; agus
- Ráiteas a thabhairt maidir lenar comhlíonadh nó nár comhlíonadh na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha atá nochta agus sna ráitis airgeadais agus míniú tugtha ina leith.

Deimhníonn an Bord go bhfuiltear tar éis cloí leis na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.



Ní mór don Bhord taifid chuntasaíochta chuí a choimeád, ina nochtar staid airgeadais an NLI ag aon am le cruinneas réasúnta, agus lena gcuirtear ar a chumas don Bhord a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 35 den Acht. Is é an Bord atá freagrach as an eolas airgeadais atá ar láithreán gréasáin an NLI i dtaobh é a choinneáil suas chun dáta agus macánta.

Tá an Bord freagrach as an bplean bliantúil agus as na buiséid bhliantúla a cheadú. Tá measúnú ar bun ar fheidhmíocht an NLI agus tagairt á déanamh do phlean gnó agus buiséad bliantúil na heagraíochta. Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus, mar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugtar léargas fírinneach cóir le ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an 31 Nollaig 2024. Thug an Bord formheas ar an 23 Deireadh Fómhair 2025 leis an ráiteas seo a shíniú chomh maith leis na ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024.

## Struchtúr an Bhoird

Is é atá ar an mBord Cathaoirleach agus 11 ghnáthchomhalta, iad go léir ceaptha ag an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Ceapadh na comhaltaí den bhord do thréimhse a mhairfidh 3 bliana nó 5 bliana agus beidh 6 chruinniú acu sa bhliain. Tugtar na sonraí sa Tábla thíos maidir le tréimhse cheapacháin na gcomhaltaí Boird a bhí ann sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024:

| Baill an Bhoird | Ról | Dáta Ceapacháin | Dáta deiridh an téarma | Sonraí Breise |
|---|---|---|---|---|
| **Eoin McVey** | An Cathaoirleach | Ceapadh mar ghnáth-chomhalta é ar an 8 Feabhra 2021 agus mar Chathaoirleach ar an 29 Iúil 2021 | 7 Feabhra 2026 | Ainmní ó Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath<br><br>Ceaptha arís in 2021 |
| **An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh** | Leas-Chathaoirleach agus Gnáth-Chomhalta | 29 Iúil 2021 | 28 Iúil 2026 | |
| **An Dr Marie Bourke** | Gnáthchomhalta | 8 Feabhra 2021 | 7 Feabhra 2026 | Ainmní ó Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath |
| **Michael Diviney** | Gnáthchomhalta | 10 Bealtaine 2024 | 9 Bealtaine 2029 | |
| **John Grenham** | Gnáthchomhalta | 29 Iúil 2021 | 28 Iúil 2026 | |
| **Lisa Grimm** | Gnáthchomhalta | 29 Iúil 2021 | 28 Iúil 2026 | |
| **Lorelei Harris** | Gnáthchomhalta | 29 Iúil 2021 | 28 Iúil 2026 | |
| **An Dr Brian Lang** | Gnáthchomhalta | 10 Bealtaine 2024 | 9 Bealtaine 2029 | |
| **An tOllamh Kalpana Shankar** | Gnáthchomhalta | 29 Iúil 2021 | 28 Iúil 2026 | |
| **Caitríona Sharkey** | Gnáthchomhalta | 29 Iúil 2021 | 28 Iúil 2026 | |
| **Genevieve Wyeth** | Gnáthchomhalta | 10 Bealtaine 2024 | 9 Bealtaine 2029 | |
| **Elizabeth M. Kirwan** | Gnáthchomhalta | 30 Samhain 2023 | Ar scor: 3 Eanáir 2025 | Ainmní Foirne NLI |

Chuir an Bord athbhreithniú féinmheasúnaithe inmheánach ar éifeachtacht i gcrích i mí an Mheithimh 2025 agus chuir athbhreithniú féinmheasúnaithe seachtrach ar éifeachtacht i gcrích i Meán Fómhair 2022. Tháinig 28 moladh as athbhreithniú seachtrach an Bhoird ar a éifeacht féin i mí Mheán Fómhair 2022. Tá na moltaí á gcur i bhfeidhm faoi láthair.

## Fochoistí an Bhoird

Tá trí fhochoiste den Bhord ann. Fochoistí reachtúla is ea dhá cheann acu, is iad sin an Coiste Comhairleach do Léitheoirí agus an Coiste Ginealais agus Araltais. Fochoiste neamhreachtúil is ea an ceann eile, is é sin an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca.

- Ar an gCoiste Comhairleach do Léitheoirí tá Cathaoirleach (comhalta de Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann) agus cúigear comhaltaí. Comhaltaí seachtracha neamhspleácha iad ceathrar acu agus Comhalta de Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann atá sa duine eile. An phríomhfheidhm atá ag an gCoiste Comhairleach do Léitheoirí comhairle a chur ar an mBord i dtaca le nithe a bhaineann le seirbhísí atá á soláthar ag an Leabharlann. Bhí trí chruinniú ag an gcoiste seo in 2024. Is iad seo a leanas na comhaltaí a bhí ar an gCoiste Comhairleach do Léitheoirí in 2024:
  - Lorelei Harris (Cathaoirleach)
  - Lian Bell (comhalta seachtrach)
  - Michael Diviney (comhalta – arna cheapadh an 27 Meitheamh 2024)
  - Harry Hughes (comhalta seachtrach)
  - Liam O'Brien (comhalta seachtrach)
  - An tOllamh Mary O'Dowd (comhalta seachtrach)
  - An Dr Audrey Whitty (a d'éirigh as an gCoiste Comhairleach do Léitheoirí an 26 Meitheamh 2024)

- Ceathrar comhaltaí boird agus ceathrar comhaltaí seachtracha nach ón mBord iad atá ar an gCoiste Ginealais agus Araltais. Is comhaltaí den choiste de bhrí oifige iad Stiúrthóir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus Príomh-Aralt na hÉireann. An phríomhfheidhm atá ag an gCoiste Ginealais agus Araltais ná comhairle a chur ar an mBord maidir le nithe a éiríonn as cumhachtaí agus feidhmeanna reachtúla an Bhoird i réimsí an ghinealais agus an araltais. Bhí 3 chruinniú ag an gcoiste seo in 2024. Is iad seo a leanas na comhaltaí a bhí ar an gCoiste um Ghinealas agus Araltas in 2024:
  - John Grenham (Cathaoirleach)
  - Lisa Grimm
  - An tOllamh Kalpana Shankar
  - An Dr Marie Bourke
  - Nicola Morris (comhalta seachtrach)
  - An Dr Rachel Murphy (comhalta seachtrach)
  - Tony Hennessy (comhalta seachtrach)
  - Catriona Crowe (comhalta seachtrach)
  - An Dr Audrey Whitty (comhalta de réir oifige)
  - Colette O'Flaherty (comhalta de réir oifige)



- Triúr comhaltaí boird agus beirt chomhaltaí sheachtracha neamhspleácha atá ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Is é ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca tacú leis an mBord maidir le cuid freagrachtaí an Bhoird i dtaca le ceisteanna ag baint le riosca, rialú agus rialachas, agus an dearbhú lena mbaineann. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go háirithe, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca don Bhord i ndiaidh gach cruinnithe agus cuireann tuarascáil bhliantúil ar fáil don Bhord. Bhí sé chruinniú ag an ARC in 2024. Seo a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le linn 2024:
  - An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh (Cathaoirleach)
  - An Dr Marie Bourke (a d'éirigh as an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca an 27 Meitheamh 2024)
  - Caitríona Sharkey
  - Genevieve Wyeth (arna ceapadh an 28 Meitheamh 2024)
  - An tOllamh Philip O'Regan (comhalta neamhspleách seachtrach – cuntasóir cáilithe)
  - Denis O'Connor (comhalta seachtrach neamhspleách – arna cheapadh an 12 Nollaig 2024)

## Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costais

Tá sceideal tinrimh ó chruinnithe an Bhoird agus na gCoistí in 2024 leagtha amach thíos, lena n-áirítear na táillí agus na costais a fuair gach comhalta:

| Comhalta Boird | An Bord | An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca | An Coiste Comhairleach Léitheoirí | An Coiste Ginealais agus Araltais | Táillí an Bhoird € | Costais Dhearbhaithe € |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon na gcruinnithe** | 6 | 6 | 3 | 3 | | |
| Eoin McVey | 5/6 | | | | - | 586 |
| An tOllamh Ciarán Ó hÓgartaigh | 5/6 | 6/6 | | | | 623 |
| An Dr Marie Bourke | 5/6 | 2/3 | | 3/3 | - | 98 |
| Michael Diviney | 4/4 | | 2/2 | | | 112 |
| John Grenham | 6/6 | | | 2/3 | - | - |
| Lisa Grimm | 4/6 | | | 3/3 | - | - |
| Lorelei Harris | 4/6 | | 3/3 | | - | - |
| An Dr Brian Lang | 3/4 | | | | | - |
| An tOllamh Kalpana Shankar | 2/6 | | | 3/3 | - | 98 |
| Caitríona Sharkey | 5/6 | 6/6 | | | - | 291 |
| Genevieve Wyeth | 3/4 | 3/3 | | | | - |
| Elizabeth M. Kirwan | 6/6 | | | | | 186 |
| | | | | | **-** | **1,994** |

D'fhreastail an tOllamh Philip O'Regan ar 6/6 chruinniú den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca in 2024

Ní íocann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann táillí le comhaltaí Boird.

## Na Príomhathruithe Pearsanra

Tá sonraí faoi athruithe ar chomhaltas an Bhoird le linn 2024 leagtha amach thuas faoi Struchtúr an Bhoird. Níor tháinig aon athruithe ar an bhfoireann ardbhainistíochta in 2024.

## Cineálacha nochta a éilítear de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil Leabharlann Náisiúnta na hÉireann tar éis cloí le ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilítear go ndéanfaí na nochtuithe seo a leanas faoin gCód:

- Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe – leagtha amach i nóta 5 (f) a ghabhann leis na ráitis airgeadais
- Costais sainchomhairleoireachta – leagtha amach i nóta 6 (b) a ghabhann leis na ráitis airgeadais
- Costais dlí agus socruithe – leagtha amach i nóta 6 (b) a ghabhann leis na ráitis airgeadais
- Caiteachas taistil agus cothaithe – leagtha amach i nóta 6 (a) a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais
- Caiteachas fáilteachais – Á chur san áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais tá €386 a caitheadh ar fháilteachas in 2024 (2023: €náid).

## Ráiteas Comhlíontachta

Tá an Bord tar éis glacadh leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm lena chinntiú go gcloífear leis an gCód. Chloígh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú do 2024.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

________________ ________________

**Eoin McVey**
Cathaoirleach

**an Dr Audrey Whitty**
Stiúrthóir

Dáta: 23 Deireadh Fómhair 2025



# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

### Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

## Réim Freagrachta

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (NLI), aithním go bhfuil an Bord freagrach as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach don rialú inmheánach a riar agus a fheidhmiú. Tugtar na riachtanais faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016) san áireamh leis an bhfreagracht sin.

## Seirbhísí Comhroinnte

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (Vóta 18) feidhmeanna párolla agus acmhainní daonna ar fáil ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Tá Oifigeach Cuntasaíochta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte freagrach as feidhmiú na rialuithe sna hIonaid um Sheirbhísí Comhroinnte.

Tá próiseas iniúchóireachta curtha i bhfeidhm ag an Oifigeach Cuntasaíochta um Sheirbhísí Comhroinnte chun dearbhú neamhspleách a thabhairt i dtaobh feidhmiú rialuithe sna seirbhísí comhroinnte. Meascán de na nithe seo atá sa dearbhú sin:

- Obair inmheánach iniúchóireachta déanta ag an Aonad um Iniúchóireacht Inmheánach ón Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, agus
- Iniúchtaí á ndéanamh ag gnólacht cuntasóirí i gcomhréir leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta um Dhearbhuithe Iontaofachta (ISAE 3402) atá deartha chun bheith ag tuairisciú do ranna úsáideoirí agus a n-iniúchóirí maidir leis na rialuithe sna seirbhísí comhroinnte. Sna hiniúchtaí seo, déantar éifeacht na rialuithe a cuireadh i bhfeidhm in 2024 a thuairisciú.

Tá litir maidir le dearbhú curtha ar fáil ag an Oifigeach Cuntasaíochta um sheirbhísí comhroinnte i dtaobh na socruithe don rialú inmheánach agus iniúchadh. Tuairiscíonn an tOifigeach ar na hiniúchtaí ar fheidhmiú na rialuithe le linn 2024.

Tógann an NLI dearbhú ón gcóras rialaithe sna seirbhísí comhroinnte de réir mar a thuairiscíonn an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte.

## Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Dearadh an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú ar leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis ar fad. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

Bhí an córas don rialú inmheánach, atá ar aon dul leis an treoir atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i bhfeidhm ag an NLI don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 go dáta formheasta na ráiteas airgeadais.

## An cumas chun déileáil le Riosca

Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Triúr comhaltaí Boird atá ar an gCoiste mar aon le beirt chomhaltaí sheachtracha; tá saineolas airgeadais agus iniúchóireachta ag comhaltaí an Bhoird. Tháinig an coiste le chéile sé huaire in 2024.

Tá feidhm um iniúchóireacht inmheánach in an NLI mar atá leagtha síos i gCairt an Bhoird don Iniúchóireacht Inmheánach. Tá an obair a dhéanann feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar an riosca dá bhfuil an comhlacht neamhchosanta. Tá pleananna bliantúla don iniúchóireacht inmheánach bunaithe ar an anailís sin. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag tacú leis an anailís ar riosca agus leis na pleananna don iniúchóireacht inmheánach, agus tá an Bord tar éis iad a cheadú. Cuireann an tIniúchóir Inmheánach tuairiscí ar ghníomhaíocht iniúchta inmheánaigh faoi bhráid an Bhoird. Tá feidhm na hiniúchóireachta inmheánaí seachfhoinsithe chuig gnólacht seachtrach.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ina leagtar amach a inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus lena sonraítear róil agus freagrachtaí na mball foirne maidir leis an riosca. Táthar tar éis an beartas a chur ar fáil do na baill foirne ar fad nach mór dóibh dul ag obair i gcomhréir le beartais an NLI don bhainistíocht riosca d'fhonn an lucht bainistíochta a chur ar an eolas má thagann aon rioscaí agus laigí rialaithe chun cinn agus d'fhonn glacadh le freagracht as rioscaí agus rialuithe ina réimse oibre féin.

## Creatlach Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm in an NLI faoina ndéantar na nithe seo a shonrú agus a thuairisciú: na rioscaí is mó, gníomhartha an lucht bainistíochta leis na rioscaí a réiteach agus, oiread is féidir, iad a mhaolú. Buanordú ar chlár a chruinnithe ag Bord an NLI atá sa bhainistíocht riosca. Rinne an Bord athbhreithniú agus leasú chun dáta ar a bheartas um bainistíocht riosca agus ar a ráiteas inghlacthachta riosca don Leabharlann in 2024.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sonraítear na príomhrioscaí atá roimh an NLI. Táthar tar éis na rioscaí sin a shonrú, a mheas agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn leathbhliantúil agus déanann an Bord athbhreithniú air ar bhonn bliantúil. Cuireann torthaí na n-athbhreithnithe sin bonn faisnéise faoi phleanáil agus leithdháileadh acmhainní d'fhonn a chinntiú go ndéantar na rioscaí a mhaolú go leibhéal inghlactha.

Luaitear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta is gá leis na rioscaí a mhaolú, chomh maith leis na baill foirne atá freagrach as na rialuithe áirithe sin a fheidhmiú. Deimhnímid go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe seo a leanas le fáil:

- rinneadh nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó uile a dhoiciméadú,
- sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal an luchta bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann lena mbaineann buiséad bliantúil ar a ndéanann lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú leanúnach,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- tá nósanna imeachta um rialú i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil rialú leormhaith ann ar mhaoiniú deontais sa dóigh is go ndéantar é a chur i bhfeidhm don chúis atá beartaithe.



## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm le faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh ó thaobh rialú de in iúl dóibh siúd a bhfuil de fhreagracht orthu bearta ceartaitheacha a dhéanamh, don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is iomchuí, in am agus i dtráth. Deimhnímid go bhfuil na córais monatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh a shainaithnítear a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithnithe tráthrialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

## Cúrsaí Soláthair

Dearbhaímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an NLI ionas go gcomhlíonfar rialacha agus treoirlínte soláthair reatha agus gur chloígh an NLI leis na nósanna imeachta sin i rith 2024.

## Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm in an NLI chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta ann don bhainistíocht riosca agus don rialú. Is iad hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (a dhéanann maoirseacht ar chuid oibre na n-iniúchóirí) agus an lucht ardbhainistíochta i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann atá freagrach as an gcreat don rialú inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil. Cuireann an obair sin bonn eolais ar fáil faoin monatóireacht agus faoin athbhreithniú a dhéantar ar chomh héifeachtacht atá an córas don rialú inmheánach.

Dearbhaímid go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2024 ar an 27 Feabhra 2025.

## Saincheisteanna maidir le Rialú Inmheánach

Níor sonraíodh aon laigí ó thaobh rialú inmheánach de in 2024 (2023: dada).

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

**Eoin McVey**
Cathaoirleach

**an Dr Audrey Whitty**
Stiúrthóir

Dáta: 23 Deireadh Fómhair 2025

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 mar a éilítear de réir fhorálacha Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Tá sna ráitis airgeadais

- ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus ar chúlchistí ioncaim coinnithe
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas ar shreafaí airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar léargas fírinneach cóir leis na ráitis airgeadais ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann amhail an 31 Nollaig 2024 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain 2024 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann*.

### Bunús leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuairisc seo. Tá mé neamhspleách ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim.

### Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha i láthair ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis an bhfaisnéis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialachais agus tuairisc na gComhaltaí Boird, agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí chun tuairisciú ar fhaisnéis den sórt sin, agus ar ábhar áirithe eile ar a dtuairiscím de réir eisceachta, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith

sin.

**Mary Henry**
**Thar ceann**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

**24 Deireadh Fómhair 2025**

## Aguisín leis an tuairisc

### Freagrachtaí na gComhaltaí Boird

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuairisc na gComhaltaí Boird, tá na Comhaltaí Boird freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm atá leagtha síos faoi alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997
- a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir leis na ráitis airgeadais de réir FRS 102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad a bheith riachtanach chun ullmhú ráiteas airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a chumasú, bíodh an míshonrú sin mar gheall ar chalaois nó earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus tuairisciú maidir leo siúd do Thithe an Oireachtais.

Is é an chuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnta a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní thugtar ráthaíocht leis go n-aimseofar i gcónaí in iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht míráiteas ábhartha más ann dó. D'fhéadfadh míshonruithe teacht chun cinn mar gheall ar chalaois nó earráid agus meastar ábhartha iad dá mbeifí ag súil ar bhonn réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- Sainaithním agus déanaim measúnú ar rioscaí de mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais cé acu mar gheall ar chalaois nó earráid; déanaim nósanna imeachta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá imleor agus iomchuí chun bunús a thabhairt le mo thuairim. Tá an riosca nach mbraitear míshonrú ábhartha mar thoradh ar chalaois níos airde ná an riosca de mhíshonrú mar thoradh ar earráid, mar d'fhéadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar rialú inmheánach a bheith i gceist.
- Tagaim ar thuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh a oireann do na himthosca, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl ar a éifeachtaí atá an rialú inmheánach.
- Déanaim measúnú ar a oiriúnaí atá na beartais chuntasaíochta a d'úsáid na comhaltaí agus ar réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta ghaolmhair.
- Bainim de thátal as oiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh de chuntasaíocht agus, bunaithe ar fhianaise an iniúchta a fhaightear, cé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó dálaí lena bhféadfaí amhras suntasach a chur ar chumas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leanúint mar ghnóthas leantach. Má bhainim de thátal as go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura bhfuil a leithéid de nochtuithe imleor, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chuid tátal bunaithe ar fhianaise iniúchta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó imthosca sa todhchaí, áfach, a bheith ina gcúis le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a scor de leanúint mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus inneachar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé an léirítear na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha leis na ráitis airgeadais ar bhealach lena mbaintear cur i láthair chothrom amach.

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar thasc acu maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, i measc nithe eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Tugaim tuairisc ar bhonn eisceachta freisin más rud é, dar liomsa,

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- nach raibh na taifid chuntasaíochta imleor le cur ar ár gcumas na ráitis airgeadais a iniúchadh i gceart, gan bhac, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní chlúdaítear faisnéis eile arna cur i láthair leis na ráitis airgeadais le mo thuairim ar na ráitis sin, agus ní léirím aon fhoirm de thátal dearbhaithe ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile arna cur i láthair a léamh agus, trí sin a dhéanamh, machnamh a dhéanamh maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas arna fháil le linn an iniúchta, nó má tá an cuma air go bhfuil an fhaisnéis míshonraithe go hábhartha. Má bhainim de thátal as, bunaithe ar an obair atá curtha chun feidhme agam, go bhfuil an fhaisnéis eile sin míshonraithe go hábhartha, éilítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

#### *Tuairisciú ar nithe eile*

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmithe de. Tuairiscím má aithním gnóthaí ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta. Tuairiscím má aithním aon chás ábhartha nuair nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

# Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus ar Chúlchistí Ioncaim Choinnithe

## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Deontais ón Oireachtas | 2 | 10,583,909 | 12,303,347 |
| Tabhartais (Ábhair agus Airgead) | 3 | 74,919 | 240,465 |
| Glanmhaoiniú Pinsin Iarchurtha | 7(c) | 1,341,000 | 1,164,000 |
| Ioncam eile | 4 | 241,310 | 275,695 |
| **Ioncam Iomlán** | | **12,241,138** | **13,983,507** |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Luach saothair | 5 | 9,126,045 | 7,876,078 |
| Riarachán agus Oibríochtaí | 6 | 2,019,807 | 1,818,559 |
| Cláir | 8 | 918,079 | 1,337,541 |
| Dímheas | 11 | 96,848 | 364,260 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **12,160,779** | **11,396,438** |
| Glanbharrachas Oibriúcháin | | 80,359 | 2,587,069 |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil – Sócmhainní Oidhreachta | 10 | (637,352) | (3,099,818) |
| Aistriú chuig an gCuntas Caipitil – Sócmhainní Dochta Oibriúcháin | 10 | (189,111) | 169,201 |
| **Easnamh don bhliain** | | **(746,104)** | **(343,548)** |
| Iarmhéid arna Thabhairt ar Aghaidh an 1 Eanáir | | 1,245,188 | 1,588,736 |
| **Iarmhéid arna Thabhairt ar Aghaidh ar an 31 Nollaig** | | **499,084** | **1,245,188** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

**Eoin McVey**
Cathaoirleach

**an Dr Audrey Whitty**
Stiúrthóir

Dáta: 23 Deireadh Fómhair 2025



# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Easnamh don bhliain** | | **(746,104)** | **(343,548)** |
| Gnóthachain / (caillteanais) ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | 7(b) | 254,000 | (2,722,000) |
| Athrú ar na toimhdí atá mar bhunús do luach reatha d'oibleagáidí sochair scoir | 7(b) | 353,000 | (2,333,000) |
| **Gnóthachan / (caillteanas) achtúireach iomlán sa bhliain** | | **607,000** | **(5,055,000)** |
| Coigeartú ar chistiú iarchurtha sochar scoir | | (607,000) | 5,055,000 |
| **Caiteachas cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **(746,104)** | **(343,548)** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

**Eoin McVey**
Cathaoirleach

**an Dr Audrey Whitty**
Stiúrthóir

Dáta: 23 Deireadh Fómhair 2025

# Ráiteas ar an Staid Airgeadais

## Amhail ar an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Neamhreatha** | | | |
| Maoin, Gléasra agus Trealamh | 11 | 527,066 | 337,955 |
| Sócmhainní Oidhreachta | 12 | 32,194,422 | 31,557,070 |
| | | **32,721,488** | **31,895,025** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 13 | 354,480 | 395,716 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim | | 928,729 | 1,562,184 |
| | | **1,283,209** | **1,957,900** |
| **Dliteanais Reatha *(suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)*** | | | |
| Méideanna Iníoctha | 14 | 784,125 | 712,712 |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **499,084** | **1,245,188** |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí maidir le Sochar Scoir | 7(b) | (42,090,000) | (41,356,000) |
| Sócmhainn Chistithe Iarchurtha um Shochar Scoir | 7(b) | 42,090,000 | 41,356,000 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **33,220,572** | **33,140,213** |
| **Lena léirítear** | | | |
| Cuntas Caipitil | | | |
| Sócmhainní Oidhreachta | 10 | 32,194,422 | 31,557,070 |
| Sócmhainní Dochta Oibriúcháin | 10 | 527,066 | 337,955 |
| Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | | 499,084 | 1,245,188 |
| | | **33,220,572** | **33,140,213** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 19 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann:

-----------------   -----------------

**Eoin McVey**
Cathaoirleach

**an Dr Audrey Whitty**
Stiúrthóir

Dáta: 23 Deireadh Fómhair 2025



# Ráiteas ar Shreafaí Airgid

## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas Caiteachais thar Ioncam | | (746,104) | (343,548) |
| Ábhair a Bronnadh | | (46,000) | (234,050) |
| Dímheas Sócmhainní Seasta | 11 | 96,848 | 364,260 |
| Laghdú ar Infháltais | | 41,236 | 22,127 |
| Méadú / (laghdú) ar Shuimeanna iníoctha | | 71,413 | (25,656) |
| Méadú ar an gCuntas Caipitil | | 826,463 | 2,930,617 |
| **Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **243,856** | **2,713,750** |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Dochta a fháil | 11 | (285,959) | (195,059) |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil | 12 | (591,352) | (2,865,768) |
| **Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | **(877,311)** | **(3,060,827)** |
| **Glanlaghdú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim** | | **(633,455)** | **(347,077)** |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim amhail an 1 Eanáir | | 1,562,184 | 1,909,261 |
| **Airgead agus Coibhéisí Airgid ar an 31 Nollaig** | | **928,729** | **1,562,184** |

# Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais

**Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024**

## 1. Polasaithe Cuntasaíochta

Á leagan amach thíos tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais thábhachtacha chuntasaíochta atá glactha ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad go léir ar feadh na bliana agus i leith na bliana roimhe sin.

### (a) Eolas Ginearálta

Cuireadh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ar bun faoin Acht um Fhorais Chultúir, 1997, agus ceannoifig na Leabharlainne i Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2.

Is mar seo a leanas príomhchuspóirí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar atá leagtha amach i gCuid 12 den Acht um Fhorais Chultúir, 1997:

> *"...ábhar atá i mbailiúchán na Leabharlainne Náisiúnta a chaomhnú, a athchóiriú, a chothabháil agus a mhéadú ar mhaithe leis an bpobal agus taifead ar ábhar leabharlainne a bhaineann le hÉirinn (lena n-áirítear ábhar a bhaineann leis an nGaeilge) a bhunú agus a choimeád agus rochtain éigin a thabhairt do bhaill den phobal ar ábhar a bhaineann le tíortha eile."*

Eintiteas Sochair Phoiblí is ea Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

### (b) Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 i gcomhréir le FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

### (c) Bonn an Ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi chomhghnás an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a tomhaiseadh ag luachanna córa mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm mar atá formheasta ag an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt faoin Acht um Fhorais Chultúir, 1997. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíothas ag plé le míreanna a mheastar a bheith ábharach i dtaca le ráitis airgeadais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Mar atá leagtha amach i Nóta 15, bunaíodh Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (an tIontaobhas) chun cuidiú a thabhairt i bhforbairt Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Ní dhéantar torthaí an Iontaobhais a chomhdhlúthú leis na ráitis airgeadais seo ar an mbonn nach n-éilítear a leithéid de réir Alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir, 1997.

**Gnóthas Leantach**

Tabhaíodh easnamh in an NLI in 2023 agus in 2024 agus tá cúlchistí carntha na Leabharlainne laghdaithe dá bharr. Déantar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a mhaoiniú go príomha trí leithdháilte bliantúla ón máthair-Roinn, an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, a fhágann gur féidir tabhairt faoi obair lárnach na Leabharlainne agus oibleagáidí airgeadais na Leabharlainne a shásamh. Fuair an NLI deimhniú i nDeireadh Fómhair 2025 faoin leithdháileadh maoinithe do 2026 ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, faoina bhforáiltear méadú ar na leibhéil do 2025.

Bunaithe ar an leithdháileadh seo agus ar an bhfaisnéis eile atá ar fáil don Bhord ar dháta formheasta na ráiteas airgeadais, tá súil réasúnta ann i measc an Bhoird go leanfaidh an NLI ar aghaidh i bhfeidhm mar ghnóthas leantach go ceann i bhfad. Dá réir sin, ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo ar bhunús an ghnóthais leantaigh.

### (d) Ioncam

**Deontais ón Oireachtas**

Maidir le hioncam ó Dheontais Oireachtais, Fotheideal B.7, An Leabharlann Náisiúnta a Shamhlú as an Nua – Forbairt Caipitil, aithnítear é sin ar bhonn inaisíoctha i gcomhréir leis an gcaiteachas a tabhaíodh sa bhliain. Aithnítear an t-ioncam ar fad eile ó Dheontais Oireachtais ar bhonn fáltais airgid.

**Ioncam Eile**

Aithnítear ioncam eile ar bhonn fabhruithe.

**Costais Dhíreacha**

Maidir le costais dhíreacha ag baint le hioncam eile arna chruthú as gníomhaíochtaí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, mar shampla Araltas, taispeántar iad sin i bhfoirm chomhlán ar éadan Nóta 4, Ioncam Eile.

### (e) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Tá réadmhaoin, gléasra agus trealamh luaite ar a gcostas lúide dímheas carntha, arna choigeartú d'aon soláthar don laige. Déantar dímheas maidir le gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh, ar rátaí a mheastar chun costas gach sócmhainne a dhíscríobh, lúide an luach iarmharach measta,de réir méid chothroim, thar a saolré úsáideach ionchasach, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Troscán agus Feistis | 10% sa bhliain |
| (ii) | Trealamh TF | 25% sa bhliain |
| (iii) | Trealamh Oifige agus Ginearálta | 20% sa bhliain |
| (iv) | Taispeántais ar Bun | 20% sa bhliain nó thar thréimhse an taispeántais |

Maidir le réadmhaoin, gléasra agus trealamh atá faoi thairseach an chaipitlithe de €10,000 (tairseach €1,000 i bhfeidhm roimh an 1 Eanáir 2022), déantar a leithéid a chaitheamh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe i mbliain an cheannacháin.

Léirítear leis an luach iarmharach an méid measta a gheofaí faoi láthair ó dhiúscairt sócmhainne, tar éis costas measta na diúscartha a asbhaint, dá mbeadh an tsócmhainn sin ar aois agus sa riocht lena mbeifí ag súil ag deireadh a saolré úsáidí.

Má tá fianaise oibiachtúil ann ar laige ar luach sócmhainne, aithnítear caillteanas laige sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

Tá sócmhainní dochta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann á gcistiú ó mheascán de dheontais chaipitil agus leithdháiltí ón ioncam reatha. Déantar maoiniú a fhaightear ó dheontais a aistriú go cuntas caipitil agus déantar é sin a amúchadh i gcomhréir le dímheas na sócmhainní gaolmhara.

## (f) Infhaltais

Aithnítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar d'fhiacha amhrasacha más cuí. Foráil shonrach is ea an soláthar d'fhiacha amhrasacha, a bhunaítear nuair is ann d'fhianaise oibiachtúil nach mbeadh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann in ann gach méid atá dlite di a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht in aon soláthar d'fhiacha amhrasacha sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

## (g) Sochair Fostaithe

### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha amhail pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Iníoctha sa Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais.

### Sochair Scoir

Bhunaigh Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a scéim pinsin féin le sochar sainithe roimhe seo, ("An Phríomh-Scéim"), arna maoiniú go bliantúil ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' ón airgead a chuireann an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt ar fáil agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear de thuarastail na mball foirne. Feidhmíonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí ("an Scéim Aonair") ar scéim le sochar sainithe í do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

Sna costais pinsin, léirítear sochair pinsin arna dtuilleamh ag fostaithe agus tugtar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a choinníonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Aithnítear aon suim a bhaineann leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé inghnóthaithe, agus fritháirithe in aghaidh deontas a fhaightear le linn na bliana i leith íocaíochtaí pinsin a íoc.

Tá gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a d'éirigh as dliteanais na scéime léirithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus tá coigeartú comhfhreagrach aitheanta sa tsuim atá inghnóthaithe ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt.

Léiríonn na ráitis airgeadais na sócmhainní agus na dliteanais, ar a luach cóir, a eascraíonn as oibleagáidí pinsin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus as aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithnítear na costais ag baint le le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina dtuilleann fostaithe iad. Déantar dliteanais na scéime sochair scoir a thomhas ar bhonn achtúireach trí bhíthin leas a bhaint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

## (h) Sócmhainní Oidhreachta agus Bailiúcháin na Leabharlainne

An sainmhíniú a thugtar i gcás sócmhainní oidhreachta ná sócmhainní inbhraite a bhfuil gnéithe stairiúla, ealaíonta, eolaíocha, teicniúla, geoifisiceacha nó comhshaoil ag baint leo agus atá á gcoinneáil agus á gcothabháil go príomha mar gheall ar an méid a chuireann siad le heolas agus cultúr.

### Aitheantas Tosaigh

Nuair a dhéantar réada a cheannach, déantar iad a thaifeadadh ar a gcostas sna ráitis airgeadais. Nuair a dhéantar réada a bhronnadh, déantar iad a thaifeadadh ar luach reatha agus an méid sin measta ag Coimeádaithe na Leabharlainne. Déantar tagairt, más féidir, ar na margaí tráchtála agus úsáidtear eolas ar idirbhearta le gairid ó cheantanna leis sin a dhéanamh. Maidir le bronntanais nuair a bhaineann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leas as alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, déantar iad siúd a thaifeadadh ar bhonn na luachála a dhéanann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.



Aithnítear bronntanais mar ioncam agus déantar aistriú comhfhreagrach chuig Cuntas Caipitil na Sócmhainní Dochta Oidhreachta mar seo:

- I gcás na mbronntanas nach leagann aon choinníollacha sonraithe ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ó thaobh na feidhmíochta de amach anseo, aithnítear iad siúd mar ioncam nuair a fhaightear iad nó nuair a mheastar go bhfuil siad infhaighte;
- I gcás na mbronntanas a leagann aon choinníollacha sonraithe ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ó thaobh na feidhmíochta de amach anseo, ní aithnítear iad siúd mar ioncam nuair a fhaightear iad go dtí go ndéantar na coinníollacha feidhmíochta a shásamh; agus
- Nuair a fhaightear acmhainní sula ndéantar na critéir aitheantais ioncaim a shásamh, déantar dliteanas a aithint.

### Luacháil

Ní mheasann an Bord gur féidir faisnéis iontaofa ó thaobh costais ná luachála de a fháil i gcás na míreanna atá i mbailiúcháin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Na cúiseanna atá leis sin ná éagsúlacht na n-ábhar atá ann, an líon míreanna san bailiúcháin agus an easpa nithe ar an margadh ionas gur féidir comparáid a dhéanamh eatarthu. Dá bharr sin, ní aithníonn Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a cuid bailiúchán ar fad mar shócmhainní sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais seachas saothair a fuarthas a raibh costas nó luacháil €5,000 nó níos mó ná sin ag baint leo agus a fuarthas nó a bronnadh ó bunaíodh an Bord i mBealtaine 2005. Déantar iad siúd a aicmiú mar Shócmhainní Oidhreachta ar dháta an taifeadta.

Déantar sócmhainní oidhreachta a aithint ar dtús ar an túschostas mar an luach a tugadh le haghaidh míreanna a bronnadh. Déantar na míreanna a thabhairt ar aghaidh ar costas sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais agus laghduithe don laige ann nuair is cuí.

I gcás na saothar ar fad a fhaightear don bhailiúchán a n-íoctar €5,000 agus níos mó ná sin astu, déantar iad siúd a mhaoiniú ó leithdháileadh cistithe caipitil Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don bhliain. Déantar saothair a fhaightear a chosnaíonn níos lú ná €5,000 a mhaoiniú ón leithdháileadh reatha maoinithe.

Déantar an Cartlannú Gréasáin agus Digitiú a chaipitliú ar a gcostas. Nuair a bhíonn baint dhíreach ann idir catalógú agus meiteashonraí leis na tionscadail don Chartlannú Gréasáin agus Digitiú, déantar na costais sin a chaipitliú chomh maith.

### Laige

Ní dhímheastar luach sócmhainní oidhreachta. Má bhíonn fianaise oibiachtúil ann ar laige ar luach sócmhainne oidhreachta, aithnítear caillteanas laige sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain. D'fhéadfadh sócmhainn oidhreachta a lagú, mar shampla i gcás go mbíonn caitheamh agus cuimilt i gceist, má bhriseann an tsócmhainn nó má bhítear in amhras faoi bharántúlacht na sócmhainne.

### Costais Chaomhnaithe

Maidir le caiteachas caomhnaithe a theastaíonn chun míreanna faoi leith a chaomhnú nó lena chinntiú nach dtiocfaidh meath breise orthu, aithnítear an caiteachas sin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe nuair a thabhaítear a leithéid.

## (i) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, ní foláir don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna arna dtuairisciú le haghaidh sócmhainní agus dliteanas ar dháta an tuairiscithe agus na suimeanna arna dtuairisciú d'ioncaim agus do chaiteachais i rith na bliana. Mar sin féin, d'fhéadfadh na torthaí iarbhír agus na meastacháin sin a bheith éagsúil mar gheall ar nádúr an mheastacháin féin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a chuaigh i gcion ar na suimeanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

**Sócmhainní Oidhreachta a Bronnadh**

Úsáidtear teicnící luachála chun luach míreanna a bhronntar ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a ríomh. Tugann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann breithiúnas agus meascán modhanna á roghnú mar atá leagtha amach sa bheartas cuntasaíochta (h) thuas i gcomhair Sócmhainní Oidhreachta.

**Laige Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh**

Déantar athbhreithniú ar shócmhainní atá faoi réir amúchadh don laige nuair a léirítear le teagmhais nó athruithe i gcúinsí go mb'fhéidir nach mbeadh an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas laige mar an tsuim a sháraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne a suim in-aisghabhála. Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne ná luach cóir na sócmhainne lúide a costas díolta nó a luach úsáide, cibé acu is airde. D'fhonn laige a mheas, déantar sócmhainní a ghrúpáil ag an leibhéal is ísle a bhfuil sreafaí inaitheanta airgid (aonaid ghinte airgid) ar leith ag baint leo. Déantar athbhreithniú ar gach dáta tuairiscithe ar shócmhainní neamhairgeadais a d'fhulaing laige lena fhéachaint an féidir an laige a chur ar ceal.

**Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord ar shaolré sócmhainní agus ar na luachanna iarmharacha gaolmhara i gcás gach aicme de shócmhainní seasta agus, go háirithe, ar shaolré eacnamaíoch fhónta agus ar luachanna iarmharacha daingneán agus feisteas, agus bhain de thátal as gurb iomchuí saolré na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha.

**Maoiniú iarchurtha glan do Shochair Scoir**

I dtaca leis na Scéimeanna Aoisliúntais dá dtagraítear sa rannóg dar teideal "Sochair Fostaithe" thuas:

- Tá sócmhainn á haithint ag an mBord a fhreagraíonn don dliteanas neamh-mhaoinithe le haghaidh sochair scoir iníoctha faoin bPríomhscéim agus faoin Scéim Aonair. Tá maoiniú iarchurtha á aithint ag an mBord chomh maith le haghaidh sochair scoir arna n-aithint sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024. Measann an Bord go ndéanfaidh an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, nó na heintitis a bheidh mar chomharbaí aici, na cistí a sholáthar a bheidh riachtanach chun na hoibleagáidí pinsin neamhchistithe seo a chomhlíonadh.
- Déantar ranníocaíochtaí faoin Scéim Aonair a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. I gcás baill den Scéim Aonair, déantar foráil le halt 44 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012, d'fhonn íocaíochtaí pinsin a mhaoiniú de réir mar a thiteann siad trí bhíthin íocaíochtaí as an gCiste Lárnach nó as cistí á gcur ar fáil ag an Oireachtas don chuspóir sin. Scéim sochair shainithe is ea an scéim aonair atá mar chuid de nochtuithe 2024 faoi FRS 102.

**Oibleagáid Sochair Scoir**

Maidir leis na toimhdí atá faoi bhun na luachálacha achtúireacha lena gcinntear na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe i leibhéil an chúitimh sa todhchaí agus rátaí básmhaireachta), tugtar chun dáta iad gach bliain bunaithe ar na dálaí geilleagracha reatha agus le haghaidh aon athruithe ábhartha ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leis na nithe seo a leanas tionchar a bheith acu ar na boinn tuisceana sin:
(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin; agus
(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí i margadh an tsaothair amach anseo.



## 2. Deontais ón Oireachtas

Is mar seo a leanas atá Deontais an Oireachtais a vótáladh chuig an NLI ó Vóta 33 den Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt ("an Roinn") mar atá le feiceáil sna ráitis airgeadais:

| | Fotheideal | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|---|
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann – Reatha | B.11 | 9,481,000 | 9,275,000 |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann – Caipiteal | B.11 | 478,000 | 478,000 |
| Bonneagar agus Forbairt Chultúrtha - Caipiteal | B.7 | 525,909 | 2,540,347 |
| Músaeim Réigiúnacha, Gailearaithe, Ionaid Chultúrtha agus Tionscadal – Reatha | B.6 | 90,000 | 10,000 |
| Deich mBliana na gCuimhneachán, 1912-1922 – Reatha | B.15 | 9,000 | - |
| | | **10,583,909** | **12,303,347** |

Is éard atá sna deontais faoi fhotheideal B.11 ná deontais bhliantúla an NLI chun críocha oibríochtúla, lena n-áirítear íocaíocht, pinsin, caiteachas riaracháin agus caiteachas ar chláir, bailiúcháin agus feabhsuithe beaga caipitil.

Luaitear deontas reatha B.11 Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, is é sin €9,481,000 (2023: €9,275,000) glan ó ranníocaíochtaí sochar scoir €293,000 (2023: €242,000) san iomlán. Déantar €170,000 (2023: €145,000) a íoc leis an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt i dtaca le ranníocaíocht bhreise aoisliúntais Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chomh maith le €123,000 (2023: €97,000) a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe i dtaca leis an scéim sochar scoir seirbhíse aonair.

**Deontais ón gCiste um Bonneagar agus Forbairt Cultúir (Fotheideal B.7.):**

| | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|
| Ábhar cartlainne (breise) Paul Durcan | 290,000 | - |
| Ábhar cartlainne Mhícheáil Uí Choileáin agus Susan Killeen, 1915-1920 | 150,000 | - |
| An Leabharlann Náisiúnta a Shamhlú as an Nua – Forbairt Caipitil | 85,909 | 240,347 |
| Andrew agus Charlotte Bonar Law: Bailiúchán de Léarscáilean-na agus Priontaí Topagrafacha d'Éirinn | - | 2,300,000 |
| | **525,909** | **2,540,347** |

Aithníodh ioncam de €85,909 (2023: €240,347) i dtaca leis an ranníocaíocht a tugadh ar mhaithe le Forbairt an Sciatháin Thiar a bheidh mar pháirt dár n-oibreacha leanúnacha le hOifig na nOibreacha Poiblí. Bhí €8,477 (2023: €7,050) fós le réiteach i ndeireadh na bliana agus tá an tsuim sin mar chuid den Ioncam Fabhraithe i Nóta 13.

## 3. Tabhartais

| | **2024**<br>**€** | **2023**<br>**€** |
|---|---|---|
| Ábhair a Bronnadh | 46,000 | 234,050 |
| Tabhartais – Airgead Tirim | 28,919 | 6,415 |
| | **74,919** | **240,465** |

Déantar tabhartais de mhíreanna bailiúcháin a chaipitliú má dhéantar iad a luacháil ar €5,000 nó níos mó ná sin i gcomhréir leis an mBeartas Bailiúcháin. In 2024, bronnadh ceithre bhronntanas ar luach €5,000 nó os a chionn ar Bhailiúcháin Speisialta an NLI. Bronnadh dhá bhronntanas ar luach €5,000 nó os a chionn ar Bhailiúcháin Fhoilsithe an NLI. Tá sonraí fúthu seo i Nóta 8(a). In 2023, bronnadh sé bhronntanas ar luach €5,000 nó os a chionn ar Bhailiúcháin Speisialta an NLI. Bronnadh aon bhronntanas amháin ar luach €5,000 nó os a chionn ar Bhailiúcháin Fhoilsithe an NLI. Ní raibh aon bhronntanais ann faoi alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (arna leasú leis an Acht Airgeadais, 2002) in 2022 (2024: ceann ar bith).

## 4. Ioncam eile

| | **2024**<br>**€** | **2023**<br>**€** |
|---|---|---|
| Seirbhísí Cóipeála | 43,452 | 40,996 |
| Dleachtanna agus Seirbhísí Macasamhlaithe | 17,936 | 22,093 |
| Ioncam Araltais | 23,945 | 29,195 |
| Costais Dhíreacha an Araltais | (23,945) | (49,484) |
| Ioncam Ginealais | 5,700 | 6,700 |
| Deontas ón gComhairle Oidhreachta | 13,000 | 12,250 |
| Deontas an Fhostóra do Phrintíseacht SOLAS | 1,000 | - |
| Maoiniú ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil | 18,375 | - |
| Costais ag baint go díreach le Clár an Ghrianghrafadóra Chónaithe | (18,375) | - |
| Taispeántas Heaney - Ioncam Miondíola | 27,476 | 31,248 |
| Taispeántas Heaney - Costais Mhiondíola | (18,321) | (17,333) |
| Urraíocht | 150,000 | 200,000 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 1,067 | 30 |
| | **241,310** | **275,695** |

Aithníodh ioncam €150,000 (2023: €200,000) i dtaca le hurraíocht a thug Banc na hÉireann. Is éard atá ann ranníocaíocht an Bhainc i dtreo fheidhmiú thaispeántas an NLI dar teideal Seamus Heaney: Éist Anois Arís. Tá an taispeántas in Ionad Cultúrtha agus Oidhreachta Bhanc na hÉireann ina áitreabh i bhFaiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2. Bhí €150,000 (2023: €200,000) fós le réiteach i ndeireadh na bliana agus tá an tsuim sin mar chuid de na Féichiúnaithe i Nóta 13.

## 5. Íocaíocht

### (a) Sochair chomhiomlána fostaithe

| | **2024**<br>**€** | **2023**<br>**€** |
|---|---|---|
| Sochair ghearrthéarmacha na mball foirne | 6,419,162 | 5,395,773 |
| Sochair foirceanta | - | - |
| Costas sochair scoir | 2,106,000 | 2,007,000 |
| ÁSPC an fhostóra | 600,883 | 473,305 |
| **Sochair Chomhiomlána Fostaithe** | **9,126,045** | **7,876,078** |

Bhí 119 ball foirne (coibhéis lánaimseartha) fostaithe i ndeireadh na bliana (2023:108 ball foirne).

### (b) Sochair Ghearrthéarmacha d'Fhostaithe

| | **2024**<br>**€** | **2023**<br>**€** |
|---|---|---|
| Bunphá | 6,298,043 | 5,273,885 |
| Ragobair | 17,060 | 17,023 |
| Liúntais | 104,059 | 104,865 |
| | **6,419,162** | **5,395,773** |

Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise na foirne do 2024 ná €169,879 (2023: €144,738).

### (c) Sochair Foirceanta

Níor íocadh aon sochair foirceanta in 2024 (2023: €náid).

### (d) Príomhphearsanra Bainistíochta

Is iad na Comhaltaí Boird agus an Fhoireann Ceannaireachta Príomhphearsanra Bainistíochta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Ar an bhFoireann Ceannaireachta tá an Stiúrthóir; an Leas-Stiúrthóir agus Ceannasaí na nEastát; an Ceannasaí Acmhainní Daonna; Ceannasaí na mBailiúchán Foilsithe; Coimeádaí na mBailiúchán Speisialta agus Príomh-Aralt na hÉireann; an Ceannasaí Taispeántas, Foghlama agus Cláreagraithe; an Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha; an Ceannasaí Airgeadais agus Príomhoifigeach Riosca; Ceannasaí na mBailiúchán Digiteach agus Ceannasaí an tSoláthair Seirbhíse. Ní íocann an Leabharlann táillí le comhaltaí Boird. Leagtar amach thíos luach iomlán na sochar fostaithe le haghaidh príomhphearsanra bainistíochta:

| | **2024**<br>**€** | **2023**<br>**€** |
|---|---|---|
| Tuarastal | 921,147 | 866,882 |
| Liúntais | 14,965 | 21,322 |
| | **936,112** | **888,204** |

Ní áirítear luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse lena bhfuil thuas. Tá socruithe caighdeánacha phinsean na hearnála poiblí mar chuid den phacáiste íocaíochta don phríomhphearsanra bainistíochta agus ní sháraíonn na teidlíochtaí pinsin téarmaí na scéime eiseamláirí pinsin seirbhíse poiblí.

### (e) Luach Saothair an Stiúrthóra

Is mar seo a leanas a bhí luach saothair an Stiúrthóra don tréimhse airgeadais:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Stiúrthóir (a ceapadh i bhFeabhra 2023) | 127,868 | 104,757 |
| Stiúrthóir Gníomhach (a ceapadh i Márta 2022, d'éirigh as in Eanáir 2023) | - | 12,412 |
| | **127,868** | **117,169** |

Ní áirítear luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse lena bhfuil thuas. Tá socruithe caighdeánacha phinsean na hearnála poiblí mar chuid den phacáiste íocaíochta agus ní sháraíonn teidlíochtaí pinsin an Stiúrthóra téarmaí na scéime eiseamláirí pinsin seirbhíse poiblí. Ní bhaineann aon bhónais ná Sochar Comhchineáil leis an ról seo.

### (f) Miondealú ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha fostaithe níos mó ná €60,000 a chatagóiriú mar seo a leanas:

| Raon na sochar iomlán d'fhostaithe | | | Líon fostaithe | |
|---|---|---|---|---|
| Ó | | agus | 2024 | 2023 |
| € 60,000 | - | €69,999 | 14 | 8 |
| €70,000 | - | €79,999 | 13 | 14 |
| €80,000 | - | €89,999 | 6 | 2 |
| €90,000 | - | €99,999 | 2 | 3 |
| €100,000 | - | €109,999 | 2 | 1 |
| €110,000 | - | €119,999 | 0 | 0 |
| €120,000 | - | €129,999 | 1 | 0 |
| €130,000 | - | €139,999 | 0 | 0 |

Le tabhairt faoi deara: maidir leis an nochtadh faisnéise seo, is éard a áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe a bhaineann le seirbhísí a tugadh le linn na tréimhse tuairiscithe ná tuarastal, ragobair agus íocaíochtaí eile a dhéantar thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear ÁSPC an fhostóra.

## 6. Riarachán agus Oibríochtaí

| | Nóta | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|---|
| Caiteachas Taistil agus Cothaithe | 6(a) | 31,429 | 25,837 |
| Oiliúint agus Forbairt Foirne | | 47,214 | 62,030 |
| Caiteachas a bhaineann le hÉagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsitheacht | | 7,655 | 13,109 |
| Leictreachas, Glantachán agus Fóntais | | 474,748 | 445,385 |
| Cumarsáid agus TF | | 585,242 | 499,340 |
| Cúrsaí Slándála | | 276,927 | 243,188 |
| Costais Sainchomhairleoireachta | 6(b) | 336,849 | 257,779 |
| Speansais Oibriúcháin Ilghnéitheacha | | 32,395 | 37,209 |
| Costais Stórála | | 105,532 | 111,734 |
| Speansais Oifige | | 65,675 | 58,281 |
| Deisiúcháin agus Cothabháil | | 35,109 | 38,456 |
| Caillteanais Ráta Malairte Eachtraí | | 1,077 | 6,513 |
| Ús Íocaíochtaí Prasa | | 920 | 2,030 |
| Costais Seirbhísí Seachfhoinsithe | | 19,035 | 17,668 |
| | | **2,019,807** | **1,818,559** |



### (a) Caiteachas Taistil agus Cothaithe

| | | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|---|
| Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar a leanas: | | | |
| Inmheánach | Baill an Bhoird | 4,874 | 1,101 |
| | Ball Foirne | 7,512 | 6,622 |
| Go hIdirnáisiúnta | Baill an Bhoird | 375 | - |
| | Ball Foirne | 18,668 | 18,114 |
| | | **31,429** | **25,837** |

### (b) Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear leis na costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle a chuireann daoine seachtracha ar an lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe an ghnáthghnó.

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Sainchomhairleoireacht | 237,326 | 107,362 |
| Airgeadas | - | 51,303 |
| Iniúchadh | 47,441 | 46,201 |
| - *Iniúchadh Seachtrach* | *24,000* | *23,000* |
| - *Iniúchóireacht Inmheánach* | *23,441* | *23,301* |
| Dlíthiúil | 36,713 | 17,424 |
| Aistriúchán | 15,369 | 35,489 |
| | **336,849** | **257,779** |

Níor tabhaíodh aon chostais dlí, socruithe ná costais as réiteach agus eadráin sa bhliain a bhain le conarthaí le tríú páirtithe.

## 7. Costais Sochair Scoir

### (a) Anailís ar chostais iomlána sochair scoir a ghearrtar de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Ollchostas Reatha Seirbhíse | 1,050,000 | 875,000 |
| Costas Úis | 1,486,000 | 1,487,000 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | (430,000) | (355,000) |
| | **2,106,000** | **2,007,000** |

### (b) Athrú ar ghlandliteanais sochair scoir le linn na bliana airgeadais

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Oibleagáidí Sochair Shainithe Tosaigh | 41,356,000 | 35,137,000 |
| Costas Seirbhíse Reatha | 1,050,000 | 875,000 |
| Costas Úis | 1,486,000 | 1,487,000 |
| (Gnóthachan) / Caillteanas Achtúireach – Toimhdí Airgeadais | (353,000) | 2,333,000 |
| (Gnóthachan) / Caillteanas Achtúireach – ó Thaithí | (254,000) | 2,722,000 |
| Sochair Íoctha | (1,195,000) | (1,198,00) |
| **Oibleagáid Sochair Shainithe Deiridh** | **42,090,000** | **41,356,000** |

### (c) Maoiniú iarchurtha do shochair scoir

Aithníonn an Bord mar shócmhainn na suimeanna sin atá comhfhreagrach don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do shochair scoir ar bhonn an tacair toimhdí ar a bhfuil cur síos thíos agus ar bhonn roinnt teagmhas san am atá thart. Áirítear leis na teagmhais seo an bonn reachtúil faoin scéim sochair scoir a chur ar bun, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i dtaca le pinsin na seirbhíse poiblí a chistiú, na ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas bliantúil measúnaithe ina measc. Níl aon fhianaise ag an mBord nach leanfaidh an beartas maoiniúcháin seo ag íoc na suimeanna sin de réir an chleachtais reatha.

Seo a leanas an glanmhaoiniú iarchurtha do shochair scoir a sonraíodh sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Maoiniú inghnóthaithe maidir le sochair scoir na bliana reatha | 2,536,000 | 2,362,000 |
| Deontas Stáit arna chur i bhfeidhm chun sochair scoir a íoc | (1,195,000) | (1,198,000) |
| | **1,341,000** | **1,164,000** |

Is €42.1m an tsócmhainn maidir le maoiniú iarchurtha le haghaidh sochair scoir an 31 Nollaig 2024 (2023: €41.9m).



### (d) Stair oibleagáidí sochar sainithe

| | 2024<br>€'000 | 2023<br>€'000 | 2022<br>€'000 | 2021<br>€'000 | 2020<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Oibleagáidí Sochair Shainithe | 42,090 | 41,356 | 35,137 | 52,910 | 48,403 |
| Gnóthachain / (Caillteanais) ó thaithí ar Dhliteanais Scéime Sochair Shainithe | 254 | (2,722) | 303 | (1,382) | 313 |
| Céatadán de Dhliteanais an Phlean | 0.6% | (6.6%) | 0.9% | (2.6%) | 0.6% |

### (e) Cur síos ginearálta ar na scéimeanna

Is éard atá i scéim sochair scoir an NLI socrú pinsin le sochar sainithe atá bunaithe ar an tuarastal deiridh agus ina ndéantar sochair agus ranníocaíochtaí a shainiú de réir rialacháin “scéim eiseamláireach” reatha na hearnála poiblí. Faoin scéim, soláthraítear pinsean (1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do leanaí. Is é 65ú breithlá an chomhalta an ghnáthaois scoir, cé go bhfuil daoine a bhí ina gcomhalta den scéim roimh 2004 i dteideal dul ar scor, gan laghdú achtúireach, nuair a bhaineann siad 60 bliain d'aois amach. Téann pinsin atá á n-íoc (agus atá á n-iarchur) i méid de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta na dtuarastal san earnáil phoiblí.

Tá an Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair (an Scéim Aonair) á feidhmiú chomh maith ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Scéim pinsin le sochar sainithe atá sa scéim, d'fhostaithe in aois an phinsin sa tseirbhís phoiblí arna gceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Leis an scéim seo, déantar foráil do phinsean agus cnapshuim scoir bunaithe ar luach saothair inphinsin ar an meán don ghairm chomh maith le pinsin an chéile agus na bpáistí. Is é 66 bliain an aois íosta i leith pinsin (agus í ag ardú i gcomhréir le hathruithe ar aois an phinsin Stáit). Cuimsíonn an aois sin an rogha chun dul ar scor go luath atá laghdaithe ar bhonn achtúireach ó 55 bliain d'aois. Méadaítear na pinsin arna n-íoc i gcomhréir leis an bpraghasinnéacs tomhaltóirí.

Bhí an luacháil a úsáideadh i dtaca le nochtadh faoi FRS102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach i bhFeabhra 2025 a rinne achtúire cáilithe neamhspleách chun aird a thabhairt ar riachtanais FRS chun dliteanais na scéime a mheas ar an 31 Nollaig 2024.

**Ba iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha:**

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Boilsciú | 2.00% | 2.10% |
| Ráta méadaithe ghinearálta fadtéarma ar thuarastail | 3.00% | 3.10% |
| Ráta méadaithe ar shochair stáit | 2.50% | 2.60% |
| Ráta méadaithe ar shochair iarchurtha | 2.50% | 2.60% |
| Meadú ar phinsean | 2.50% | 2.60% |
| Ráta lascaine le haghaidh dhliteanais na scéime | 3.60% | 3.60% |

**Básmhaireacht**

Leis an mbonn básmhaireachta, is ríléir go gceadaítear feabhsuithe san ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh ionchas saoil ag dul ar scor ag brath ar an mbliain ina sroicheann ball an aois scoir. Taispeántar sa tábla thíos an t-ionchas saoil do chomhaltaí a shroicheann 65 bliain d'aois in 2024 agus 2044.

| An bhliain ina sroichtear 65 bliana d'aois | 2024 | 2044 |
|---|---|---|
| Ionchas saoil – fir | 21.7 | 23.3 |
| Ionchas saoil – mná | 24.2 | 25.7 |

## 8. Cláir

| | Nóta | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|---|
| **Bailiúcháin Speisialta** | | | |
| Éadálacha do na Bailiúcháin Speisialta | 8(a) | 69,292 | 123,755 |
| Caomhantas | | 66,951 | 65,103 |
| Tionscadal Catalógaithe | | 26,783 | 65,434 |
| | | **163,026** | **254,292** |
| **Bailiúcháin Fhoilsithe** | | | |
| Éadálacha do na Bailiúcháin Fhoilsithe | 8(a) | 126,073 | 216,290 |
| Scéim Comhpháirtíochta Fiontraíochta na Comhairle um Thaighde in Éirinn | | 16,609 | 5,448 |
| Próiseáil agus Ceangal | | 2,975 | 5,502 |
| | | **145,657** | **227,240** |
| **Soláthar Seirbhíse** | | | |
| Seirbhísí Léitheora | | 86,440 | 93,051 |
| An tSeirbhís Staire Teaghlaigh | | 4,983 | 6,076 |
| | | **91,423** | **99,127** |
| **Taispeántais, Foghlaim agus Cláreagrú** | | | |
| Taispeántas Heaney – 'Éist Anois Arís' | | 42,541 | 65,542 |
| Cláir Phoiblí, Cumarsáid agus Rannpháirteachas | | 29,527 | 63,076 |
| Taispeántas William Butler Yeats | | 5,169 | 8,704 |
| Taispeántais Eile | | 1,312 | 22,539 |
| | | **78,549** | **159,861** |
| **Araltas** | | | |
| Ábhar Araltais | | - | 3,898 |
| | | **-** | **3,898** |
| **Bailiúcháin Dhigiteacha** | | | |
| Digitiú | | 18,998 | 106,937 |
| Trealamh Leabharlainne agus Cothabháil | | 15,790 | 14,247 |
| Bailiúcháin Dhigitghinte | | 5,355 | 7,971 |
| | | **40,143** | **129,155** |
| **Oifig Forbartha** | | | |
| Cumarsáid, Caidreamh Poiblí agus Fógraíocht | | 283,379 | 314,917 |
| | | **283,379** | **314,917** |
| **Tionscadal Tógála Forbartha Caipitil** | | | |
| Máistirphlean don Tionscadal Caipitil[1] | | 64,052 | - |
| An Leabharlann Náisiúnta a Shamhlú as an Nua – Speansais In-Aisíoctha | | 51,850 | 149,051 |
| | | **115,902** | **149,051** |
| | | **918,079** | **1,337,541** |

1 Costais ag baint leis an athbhreithniú straitéiseach agus geilleagrach ar stóráil na mbailiúchán a nuachóiriú i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.



### (a) Saothair Nua-Fhaighte

| | Nóta | 2024 € |
|---|---|---|
| **Éadálacha do na Bailiúcháin Speisialta arna maoiniú tríd an Deontas Reatha** | | |
| ♦ Lámhscríbhinní | | 60,252 |
| ♦ Priontaí agus Líníochtaí | | 4,676 |
| ♦ Grianghraif | | 2,500 |
| ♦ Earraí Inbhailithe | | 1,864 |
| | | **69,292** |
| **Éadálacha do na Bailiúcháin Fhoilsithe arna maoiniú tríd an Deontas Reatha** | | |
| ♦ Leabhair | | 75,144 |
| ♦ Seanleabhair agus Leabhair Uathúla | | 31,312 |
| ♦ Nuachtáin | | 15,046 |
| ♦ Tréimhseacháin | | 4,571 |
| | | **126,073** |
| **Éadálacha do na Bailiúcháin Speisialta arna maoiniú tríd an Deontas Caipitil** | | |
| ***Lámhscríbhinní*** | | |
| ♦ Ábhar cartlainne (breise) Paul Durcan | | 290,000 |
| ♦ Ábhar cartlainne Richard Robert Madden | | 108,000 |
| ♦ Imleabhar lámhscríbhinne an Iarla George Macartney | | 24,621 |
| ♦ Ábhar cartlainne Pluto Press | | 22,745 |
| ♦ Ábhar cartlainne mhuintir Dowell, 1815-1850 | | 14,750 |
| ♦ Litreacha Seamus Heaney agus Harry Thomas, 1993-2004 | | 11,598 |
| ♦ Ábhar cartlainne Margaret Barrington agus Liam O'Flaherty | | 10,833 |
| ♦ Ábhar cartlainne eastát Mansfield | | 6,250 |
| | 12(f) | **488,797** |
| **Éadálacha do na Bailiúcháin Speisialta arna maoiniú tríd an Deontas Caipitil** | | |
| ***Íomhánna*** | | |
| ♦ Ábhar cartlainne The Late Night Writers Club | | 25,000 |
| ♦ Ábhar cartlainne (breise) Ross O'Carroll-Kelly | | 6,500 |
| | 12(f) | **31,500** |
| **Bailiúcháin Speisialta a fuarthas mar bhronntanas** | | |
| ♦ Páipéir Liam Uí Bhriain agus Eileen Mary O'Brien | | 8,000 |

| | Nóta | 2024 € |
|---|---|---|
| ♦ Páipéir Michael agus Anne Yeats, 1968-2019 | | 6,000 |
| ♦ Litreacha ó Seamus Heaney chuig Brian agus Anne Friel, 1989-1999 | | 6,000 |
| ♦ Cartlann Mhúsaem An Post - Earraí Inbhailithe | | 6,000 |
| ♦ Ábhar cartlainne ó Mhúsaem An Post - Lámhscríbhinní | | 4,000 |
| | 12(f) | **30,000** |
| **Bailiúcháin fhoilsithe a fuarthas mar bhronntanas** | | |
| ♦ Bailiúchán Rolf agus Magda Loeber de théacsanna liteartha Éireannacha | | 9,000 |
| ♦ Ábhar cartlainne An Post (Bailiúchán de leabhair agus tréimhseacháin ar obair An Post agus seirbhísí poist) | | 7,000 |
| | 12(f) | **16,000** |
| **Ábhar soláthair seirbhíse a fuarthas á mhaoiniú tríd an Deontas Caipitil** | | |
| ♦ Bunachar sonraí cartlainne Digitithe | | 32,912 |
| | 12(f) | **32,912** |
| **Éadálacha do na Bailiúcháin Dhigiteacha arna maoiniú tríd an Deontas Caipitil** | | |
| ♦ Cartlannú Gréasáin | | 38,143 |
| | 12(f) | **38,143** |
| **Éadálacha Iomlána** | | **832,717** |

Mar a luaitear i Nóta 1(h), maidir le sócmhainní a fuarthas/a bronnadh ó bunaíodh an Bord in 2005, tá siad sin mar chuid den Ráiteas ar an Staid Airgeadais. I gcás bhailiúcháin an NLI ar dháta an bhunaithe, ní dhearnadh iad a dhílsiú sa Bhord - tá siad fós dílsithe sa Stát. Tá an Bord den tuairim nach mbeadh sé praiticiúil na bailiúcháin seo a luacháil ná a gcostas bunaidh a ríomh agus, ar scor ar bith, ní bhainfí eolas as a leithéid de ghníomh a bheadh ábhartha ná úsáideach i dtaca le maoirseacht na Leabharlainne ar na bailiúcháin a mheas.

Nithe ar luach íseal atá sa chuid is mó de na píosaí a fhaightear do na bailiúcháin, nithe ar nós leabhar, nuachtán agus tréimhseachán. I gcás ábhar a fhoilsítear in Éirinn, faightear a leithéid trí bhíthin taisce dhlíthiúil i gcomhréir leis na forálacha in alt 198 den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 (arna leasú). I gcás ábhar a fhoilsítear in áiteanna eile, faightear a leithéid trí bhíthin é a cheannach nó mar bhronntanas i gcomhréir leis an mBeartas um Fhorbairt na mBailiúchán. Mar chuid de sin tá ábhar a foilsíodh i dTuaisceart Éireann chomh maith le hábhar a foilsíodh thar lear a bhaineann le hÉirinn i gcomhréir leis na ceanglais in alt 12 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.

Tá bailiúcháin le linn 2024 le feiceáil sa tábla thuas. Tá idirdhealú á léiriú ann idir an caiteachas arna mhuirearú ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe ar nithe a bhfuil luach níos lú ná €5,000 ag baint leo – atá á léiriú de réir cineáil – agus caiteachas ar mhíreanna caipitlithe nó tionscadail dhigiteacha a bhfuil luach €5,000 nó níos mó ná sin orthu – atá miondealaithe.



## 9. Ceangaltais

Ní raibh aon ghealltanais chonarthacha ann ar an 31 Nollaig 2024 (2023: ceann ar bith).

## 10. Cuntas Caipitil

### (a) Sócmhainní oidhreachta

| | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir | 31,557,070 | 28,457,252 |
| Aistriú ón/(chuig an) Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | |
| Chun na Sócmhainní Oidhreachta a fuarthas a mhaoiniú | 591,352 | 2,865,768 |
| Sócmhainní Oidhreachta a bronnadh | 46,000 | 234,050 |
| | 637,352 | 3,099,818 |
| **Ar an 31 Nollaig (Nóta 12 (f))** | **32,194,422** | **31,557,070** |

### (b) Sócmhainní Dochta Oibriúcháin

| | 2024 € | 2023 € |
|---|---|---|
| Amhail an 1 Eanáir | 337,955 | 507,156 |
| Aistriú ón/(chuig an) Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | |
| Le Sócmhainní Dochta a cheannach | 285,959 | 195,059 |
| Amúchadh ar aon dul le dímheas sócmhainní | (96,848) | (364,260) |
| | 189,111 | (169,201) |
| **Ar an 31 Nollaig (Nóta 11)** | **527,066** | **337,955** |

## 11. Maoin, Gléasra agus Trealamh

| | Trealamh TF € | Trealamh € | Troscán Agus Feistis € | Taispeántais atá ar bun nó atá á dtógáil € | Iomlán € |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir | 990,751 | 1,163,512 | 822,337 | 1,496,015 | 4,472,615 |
| Breiseanna | 257,423 | 28,536 | - | - | 285,959 |
| Diúscairtí | - | - | (15,315) | - | (15,315) |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **1,248,174** | **1,192,048** | **807,022** | **1,496,015** | **4,743,259** |
| **Dímheas** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir | 956,694 | 930,015 | 751,936 | 1,496,015 | 4,134,660 |
| Diúscairtí | - | - | (15,315) | - | (15,315) |
| Muirear don bhliain | 16,383 | 65,886 | 14,579 | - | 96,848 |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **973,077** | **995,901** | **751,200** | **1,496,015** | **4,216,193** |
| **Glanluach na Leabhar** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir | 34,057 | 233,497 | 70,401 | - | 337,955 |
| Glanghluaiseacht don bhliain | 241,040 | (37,350) | (14,579) | - | 189,111 |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **275,097** | **196,147** | **55,822** | **-** | **527,066** |

### (a) Nóta ginearálta eolais

Mar chuid de chostas agus luacháil i dtús agus i ndeireadh na bliana cuimsítear sócmhainní a fuarthas ar phraghas níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2022.

Rinneadh €28,536 de threalamh nua a mhaoiniú ón gCiste Bonneagair agus Forbartha Cultúrtha (Fo-cheannteideal B.7).

### (b) Taispeántais atá ar bun nó atá á dtógáil

Maidir leis an iarmhéid a bhaineann le taispeántais atá ar bun nó atá á dtógáil ar an 31 Nollaig 2024, baineann sé sin le taispeántas an NLI dar teideal Seamus Heaney: Éist Anois Arís a seoladh ar an 4 Iúil 2018. Is comhthionscadal é seo idir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus Banc na hÉireann. Is in Ionad Cultúir agus Oidhreachta Bhanc na hÉireann atá an taispeántas. Beidh sé i bhfeidhm go mí na Nollag 2027. Fuarthas cead go luath in 2025 go bhféadfaí síneadh ama go mí na Nollag 2027 a chur leis an taispeántas.



## 12. Sócmhainní Oidhreachta

### (a) Eolas Ginearálta

I gcomhréir leis an Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, is leis an Stát gach Bailiúchán sa Leabharlann a ndéanann Bord an NLI bainistíocht orthu.

- Is iad príomhfheidhmeanna Bhord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann an t-ábhar leabharlainne i mbailiúchán Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a chaomhnú, a athchóiriú, a chothabháil agus a mhéadú ar mhaithe leis an bpobal; taifead ar ábhar leabharlainne maidir le hÉirinn (lena n-áirítear ábhar a bhaineann leis an nGaeilge) a bhunú agus a choimeád; agus rochtain éigin a thabhairt do bhaill den phobal ar ábhar a bhaineann le tíortha eile.
- Tá sé de chumhacht ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann cur le bailiúcháin na Leabharlainne.
- Ina theannta sin, tá sé de chumhacht ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ábhar a thabhairt ar iasacht, faoi réir na bhforálacha in alt 18 (1) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.
- Ar a bharr sin, tá sé de chumhacht ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ábhar a chur de láimh, faoi réir na bhforálacha in alt 18 (2) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997.
- I gcás na saothar ar fad a fhaightear don bhailiúchán a n-íoctar breis agus €5,000 astu, déantar iad siúd a mhaoiniú ó leithdháileadh cistithe caipitil Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don bhliain. Déantar saothair a fhaightear a chosnaíonn níos lú ná €5,000 a mhaoiniú ón leithdháileadh reatha maoinithe.

### (b) Cineál agus Méid an Bhailiúcháin

Is éard atá sa mhéid atá i seilbh ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ná an bailiúchán is cuimsithí d'ábhar doiciméadach na hÉireann ar domhan, ábhar a thugann léargas fiúntach luachmhar ar stair agus ar oidhreacht na hÉireann.

Tá trí shnáithe ghinearálta de bhéim sa bhailiú le feiceáil i struchtúr bainistíochta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, agus gach ceann acu mar fhreagracht ar Choimeádaí nó ar Cheann Rannáin, mar seo:

- Bailiúcháin Speisialta
- Bailiúcháin Fhoilsithe
- Bailiúcháin Dhigiteacha

**Bailiúcháin Speisialta**

Is éard atá sna Bailiúcháin Speisialta ábhar neamhchoitianta suaithinseach, cuir i gcás lámhscríbhinní, grianghraif, priontaí, líníochtaí, earraí inbhailithe, lámhscríbhinní, léarscáileanna agus ceol. Tá na milliúin de mhíreanna ann, mar shampla, 4.5 milliún mír i mbailiúcháin na grianghrafadóireachta agus corradh le milliún mír i mbailiúchán na lámhscríbhinní.

**Bailiúcháin Fhoilsithe**

Is éard atá sna Bailiúcháin Fhoilsithe leabhair nua agus nua-aimseartha, leabhair uathúla agus ársaitheoirí, nuachtáin agus tréimhseacháin. Ar cheann de na bailiúcháin is tábhachtaí as na Bailiúcháin Fhoilsithe tá Bailiúchán na Taisce Dlíthiúla, áit a bhfuil an t-ábhar ar fad – nuachtáin agus irisí a foilsíodh in Éirinn – a fuarthas faoi na forálacha um an Taisce Dhlíthiúil san Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 (arna leasú).

**Bailiúcháin Dhigiteacha**

Is éard atá sna Bailiúcháin Dhigiteacha oibiachtaí digiteacha arna gcruthú ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann mar thoradh ar dhigitiú an ábhair ó na Bailiúcháin Speisialta agus Bailiúcháin Fhoilsithe (sócmhainní nua) mar aon leis na míreanna a dtugtar ábhar "Digitghinte" orthu, cuir i gcás láithreáin ghréasáin nárbh ann dóibh riamh seachas i bhformáid dhigiteach.

### (c) Fáil Saothar

Tá sé de chumhacht ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann cur le bailiúcháin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Faightear ábhar ar thrí bhealach: taisce dhlíthiúil, bronnadh agus ceannach.

**Taisce Dhlíthiúil**

Foráil reachtúil atá sa taisce dhlíthiúil a chuireann iallach ar fhoilsitheoirí cóipeanna dá bhfoilseacháin a thaisceadh i leabharlanna áirithe, i dtír a bhfoilsithe, de ghnáth. Tá an fhoráil reachtúil maidir le taisce dhlíthiúil i bPoblacht na hÉireann leagtha amach san Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 (arna leasú).

**Bronnadh**

Bronntar ábhar tábhachtach ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann gach bliain lena chur leis na bailiúcháin. Déantar bronntanais a mheas bunaithe ar na critéir i mBeartas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann um Fhorbairt na mBailiúchán.

I gcásanna áirithe, faoi mar dá bhforáiltear faoi alt 1003 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, féadtar faoiseamh cánach a thabhairt do bhronntóirí as réada oidhreachta a bhronnadh ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Bheadh faoiseamh den chineál sin i gceist le bronntanais nó "réada oidhreachta" mar chartlanna, lámhscríbhinní agus priontaí i gcás gur fiú níos mó ná €150,000 luach na nithe a bhronntar.

**Ceannach**

Úsáidtear buiséad na Leabharlainne Náisiúnta le saothair a fháil agus forbairt bhreise a dhéanamh ar bhailiúcháin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, bíodh sé sin mar thoradh ar cheannach go díreach nó ceant. Nuair a dhéantar cinntí chun ábhar seanda agus réadaí uathúla oidhreachta a cheannach, déantar iad sin i gcomhréir leis na critéir atá leagtha amach i mBeartas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann um Fhorbairt na mBailiúchán. I gcás foilseacháin reatha agus nua ar díol spéise in Éirinn iad ach nach bhfaightear iad de réir taisce dhlíthiúil, déantar a leithéid a cheannach mar chuid den ghnáthchleachtas.

### (d) Caomhnú

Tá an Rannóg Caomhnaithe ag obair ar mhaithe le bailiúcháin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a chaomhnú agus a choinneáil slán. Go ginearálta, ní dhéantar bail réada a fheabhsú mar thoradh ar bhearta cosanta. Is éard a bhaintear amach ná go n-úsáidtear modhanna éighníomhacha chun moill a chur leis an díghrádú agus chun damáiste a chosc. Mar mhalairt, is é is aidhm don chaomhnú go mairfidh na bailiúcháin níos faide agus iad níos inrochtana. Úsáidtear cóireálacha mar idirghabhálacha trína gcuirtear feabhas ar bhail fhisiciúil, cheimiceach agus, go minic, féachana na míre.



Taobh leis an obair a dhéanann siad chun réada neamhchoitianta agus uathúla a chaomhnú, bíonn na caomhnóirí ag obair ar réimse leathan beart chun laghdú a bhaint amach ar an mbaol go ndéanfar damáiste do na bailiúcháin. Samplaí de na gníomhaíochtaí sin: tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne agus oiliúint a chur orthu i ngach gné de chúram agus bainistiú na mbailiúchán, lena n-áirítear láimhsiú, measúnú ar bhail, suirbhéireacht, athlonnú agus réada a chur i mboscaí cuí. Chomh maith leis sin, déanann caomhnóirí réada a ullmhú do thaispeántais, a dhigitiú agus a thabhairt ar iasacht lena gcur i dtaispeántas.

### (e) Diúscairt

Ar a bharr sin, tá sé de chumhacht ag Bord Leabharlann Náisiúnta na hÉireann ábhar a chur de láimh, faoi réir na bhforálacha in alt 18(2) den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Ní chuireann an NLI ábhar ó na bailiúcháin de láimh de ghnáth.

### (f) Anailís ar Éadálacha

Mar atá leagtha amach sna Beartais Chuntasaíochta (Nóta 1, (h)), aithníonn an NLI na Sócmhainní Oidhreachta ar fad (a bhfuil luach aonair níos mó ná €5,000 ag baint leo) a ceannaíodh nó a fuarthas ó bhí 2005 ann. Déantar sócmhainní den sórt sin a thabhairt ar aghaidh ar costas agus déantar coigeartú don laige nuair is gá. Tá na hidirbhearta a bhaineann le 2024 agus leis na ceithre thréimhse chuntasaíochta roimhe seo leagtha amach thíos.

| | Lámhscríbhinní | Digiteach | Íomhánna | Clóite | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Costas nó Luacháil:** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir | 20,896,245 | 3,418,706 | 5,432,031 | 1,810,088 | 31,557,070 |
| Ceannacháin | 488,797 | 71,055 | 31,500 | - | 591,352 |
| Ábhair a Bronnadh | 24,000 | - | 6,000 | 16,000 | 46,000 |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **21,409,042** | **3,489,761** | **5,469,531** | **1,826,088** | **32,194,422** |

### (g) Achoimre Airgeadais Cúig Bliana ar Idirbhearta a bhaineann le Sócmhainní Oidhreachta

| | 2024 | 2023 | 2022 | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Breiseanna** | | | | | |
| Lámhscríbhinní | 512,797 | 660,269 | 167,671 | 872,793 | 696,949 |
| Digiteach | 71,055 | 41,637 | 75,834 | 80,026 | 94,631 |
| Íomhánna | 37,500 | 2,352,187 | 61,680 | 88,300 | - |
| Clóite | 16,000 | 45,725 | 30,057 | 10,565 | 30,482 |
| | **637,352** | **3,099,818** | **335,242** | **1,051,684** | **822,062** |

## 13. Infháltais

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe | 175,450 | 237,650 |
| Réamhíocaíochtaí | 170,553 | 151,016 |
| Ioncam Fabhraithe (Nóta 2) | 8,477 | 7,050 |
| | **354,480** | **395,716** |

## 14. Méideanna Iníoctha

| | 2024<br>€ | 2023<br>€ |
|---|---|---|
| Méideanna Fabhraithe | 364,957 | 284,927 |
| Cánachas agus Leas Sóisialta | 213,660 | 168,007 |
| Creidiúnaithe Trádála | 114,201 | 154,022 |
| Ioncam Iarchurtha | 91,307 | 105,756 |
| | **784,125** | **712,712** |

## 15. Nochtuithe le Páirtithe Gaolmhara

Féach Nóta 5 mar a dtugtar miondealú ar luach saothair agus sochair a íoctar leis na príomhpháirtithe bainistíochta.

Glacann an NLI nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe lena gclúdaítear leasanna pearsanta chomhaltaí an Bhoird.
I ngnáthchúrsa an ghnó, féadfaidh an NLI deontais a fhormheas nó dul isteach i socruithe conarthacha eile le heintitis a bhfuil comhaltaí de Bhord na Leabharlainne Náisiúnta fostaithe iontu ná a bhfuil leas eile ag comhaltaí iontu.

Tá leas ag aon chomhalta amháin ar Bhord an NLI i gcuideachta a chuir seirbhísí ar fáil do an NLI ar luach €493 (2023: €493).

Bunaíodh Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (an tIontaobhas), cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal, chun cuidiú a thabhairt san fhorbairt ar an NLI agus chun leabhair chlóite, lámhscríbhinní agus ábhar eile a fháil ar saothar le daoine Éireannacha iad nó a bhaineann le hÉirinn. Is páirtithe gaolmhara iad Leabharlann Náisiúnta na hÉireann agus an tIontaobhas ós rud é go bhfuil bunús na nIontaobhaithe ina gcomhaltaí reatha de Bhord nó foireann bainistíochta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Feidhmíonn an NLI rialú ar Iontaobhas Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Déanann an tIontaobhas ráitis bhliantúla airgeadais a ullmhú a ndéanann gnólacht iniúchóirí tráchtála iad a iniúchadh. Is don bhliain dar chríoch an 30 Aibreán 2024 atá na ráitis airgeadais is deireanaí a bhfuil fáil orthu agus tá taifead déanta iontu ar chaiteachas de €4,347 (2023: €4,433); ioncam de €náid (2023: €náid); agus cúlchistí ioncaim/glansócmhainní coinnithe ar dheireadh bliana de €456,311 (2023: €460,461). Chuir an tIontaobhas maoiniú €13,850 ar fáil do Leabharlann Náisiúnta na hÉireann i mí na Nollag 2024 chun dul chun cinn a dhéanamh ar thionscadal faoi leith ag baint leis na Bailiúcháin Dhigiteacha. Ní raibh aon idirbhearta eile ann idir an tIontaobhas agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann in 2024.

## 16. Dliteanais Teagmhasacha

Tá Leabharlann Náisiúnta na hÉireann páirteach in éileamh chun díobháil phearsanta a ghnóthú atá á láimhseáil ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Tá suim airgid luaite sna Fabhruithe i Nóta 14 i dtaca leis an éileamh seo. Níl aon sonraí eile á gcur ar fáil mar iarracht gan dochar dáiríre a dhéanamh do staid Leabharlann Náisiúnta na hÉireann san éileamh lena mbaineann.

## 17. Teagmhais tar éis na Tréimhse Tuairiscithe

D'éirigh Elizabeth M. Kirwan, ainmní foirne an NLI chun an Bhoird, as Leabharlann Náisiúnta na hÉireann in Eanáir 2025. Cheap an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt Liz Coffey le bheith mar ainmní foirne an NLI chun an Bhoird ar an 16 Aibreán 2025.

Ní raibh aon teagmhais ann idir dáta tuairiscithe agus dáta formheasta na ráiteas airgeadais seo lena n-eisiúint faoina n-éilítear na ráitis airgeadais a choigeartú.

## 18. Gnóthas Leantach


Tá an Bord tar éis staid airgeadais an NLI a mheas in athbhreithniú an Bhoird ar ráitis airgeadais 2024. Tabhaíodh easnamh in an NLI in 2023 agus in 2024 agus tá cúlchistí carntha na Leabharlainne laghdaithe dá bharr.

Déantar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann a mhaoiniú go príomha trí leithdháilte bliantúla ón máthair-Roinn, an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, a fhágann gur féidir tabhairt faoi obair lárnach na Leabharlainne agus oibleagáidí airgeadais na Leabharlainne a shásamh. Fuair an NLI deimhniú i nDeireadh Fómhair 2025 faoin leithdháileadh maoinithe do 2026 ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, faoina bhforáiltear méadú ar na leibhéil do 2025.

Bunaithe ar an leithdháileadh seo agus ar an bhfaisnéis eile atá ar fáil don Bhord ar dháta formheasta na ráiteas airgeadais, is deimhin leis an mBord gur iomchuí ráitis airgeadais 2024 a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh.

## 19. Formheas na Ráiteas Airgeadais

D'fhormheas Bord an NLI na ráitis airgeadais ar an 23 Deireadh Fómhair 2025.



Is í Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leabharlann taifid na hÉireann. Bunaíodh an leabharlann sa bhliain 1877 agus bainimid leas as na bailiúcháin faoi leith atá againn le scéal na hÉireann a chur os comhair an phobail ar fud an domhain. Tá breis agus dhá mhilliún mír déag faoinár gcúram, lena n-áirítear leabhair, lámhscríbhinní, nuachtáin, grianghraif, priontaí, léarscáileanna, léaráidí, earraí inbhailithe, ceol agus meáin dhigiteacha. Bíonn an leabharlann ar oscailt, saor ó tháille, dóibh siúd ar mian leo féachaint ar na bailiúcháin.

Is iad na cúig thosaíocht straitéiseacha atá ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann don tréimhse 2022-2026 ná bailiú, cosaint, nochtadh, rannpháirteachas agus nuáil.

Tá eolas breise ar fáil ar www.nli.ie/ga

Is féidir NLI a leanúint ar

*Leabharlann Náisiúnta na hÉireann*

National Library of Ireland